
Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Oscailte Duit

## Plean Forbartha Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas 2018 – 2022




BE A
SUMMER STAR!
JOIN THE
READING ADVENTURE
AT YOUR LIBRARY
SUMMER STARS
AT YOUR LIBRARY
Room on the Broom
Axel Scheffler

# Ábhar


| | |
|---|---|
| **Réamhrá** | 02 |
| **Achoimre Forghníomhaithe** | 06 |
| **Ráiteas Misin** | 10 |
| **Próifíl Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas** | 12 |
| Líonra Brainse na Leabharlann | 13 |
| Acmhainní Ar Líne | 15 |
| Na Cúig Bliana Deiridh | 16 |
| **Na Pobail a nDéanaimid Freastal Orthu** | 18 |
| **Próiseas Comhairliúcháin** | 22 |
| Suirbhé Poiblí | 24 |
| Comhairliúchán Poiblí | 30 |
| Anailís LLDB | 36 |
| **Torthaí an Taighde** | 38 |
| **Bunspriocanna** | 42 |
| 1. Léitheoireacht agus Litearthacht lena n-Áirítear Litearthacht Dhigiteach | 43 |
| 2. Margaíocht agus Dul Chun Cinn | 44 |
| 3. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 45 |
| 4. Oidhreacht agus Turasóireacht | 46 |
| 5. Eolas agus Foghlaim Fad saoil | 47 |
| 6. Pobal agus Cultúr | 49 |
| **Á Fhíorú** | 52 |
| **Aguisín** | 56 |

# Réamhrá

**Agus forbairt á déanamh ar láidreachtaí reatha, próifíl dhéimeagrafach na bpobal a ndéanaimid freastal orthu agus aischothú ón bpróiseas comhairliúcháin, léarscáil bóithre atá sa Phlean seo d'fhorbairt straitéiseach ár seirbhíse leabharlainne as seo go ceann cúig bliana.**




## Príomhfheidhmeannach Daniel McLoughlin

Tá lúcháir orm "Oscailte Duit" Plean Forbartha Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas 2018 – 2022 a chur i láthair atá go bunúsach ina léarscáil bóithre d'fhorbairt inbhuanaithe straitéiseach uileghabhálach agus shamhlaíoch ár seirbhíse leabharlainne as seo go ceann cúig bliana. Tá sé mar sprioc ag Comhairle Átha Cliath Theas go mbeidh ár gcontae ar an áit is fearr is féidir cónaí a bheith ort, a bheith ag obair agus le gnó a dhéanamh. Sa chomhthéacs seo, cuireann an Plean seo taca faoi bhun théamaí Chomhairle Contae Átha Cliath Theas mar atá ionchuimsiú sóisialta, comhoibriú, folláine agus rannpháirtíocht saoránach.

Tá an Plean bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin fada fairsing le gach páirtí leasmhar, daoine a úsáideann agus daoine nach n-úsáideann an tseirbhís san áireamh, foireann na leabharlann, líonraí comhairle lena n-áirítear grúpaí pobail, an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus an pobal go ginearálta agus úsáid á baint as réimse córas.

Agus forbairt á déanamh ar láidreachtaí reatha, próifíl dhéimeagrafach na bpobal a ndéanaimid freastal orthu agus aischothú ó na comhairliúcháin, tá an Plean bunaithe ar shé bhunsprioc, gníomhartha bainteacha ardleibhéil agus straitéisí le haghaidh cur i gcrích na spriocanna seo. Cuirtear muinín i leabharlanna poiblí agus tá meas ag an bpobal orthu mar sheirbhís pobail ar leith. I gcroílár an Phlean Forbartha Leabharlann seo, tá fís ann le folláine agus caighdeán beatha gach saoránaigh de chuid Bhaile Átha Cliath Theas a chur chun cinn. Is iomaí dúshlán atá roimh an tseirbhís leabharlainne, go háirithe an dúshlán atá ann maidir leis an mbearna a dhruidim i leith dhearcadh agus eolas an phobail ar na seirbhísí leathana a chuirimid ar fáil. Áirítear sa Phlean seo, straitéis leis an mbearna sin a dhruidim ar bhealach cruthaitheach inmharthana lenár bpobail a cheangal, a spreagadh agus a chumasú, as seo go ceann cúig bliana agus ina dhiaidh. Tá sé mar aidhm againn caighdeán na beatha in Átha Cliath Theas a fheabhsú ach teacht a bheith ag an bpobal ar réimse leathan eolais, faisnéise, teicneolaíochta, cultúir agus oidhreachta ar bhealach fáilteach uileghabhálach tacúil.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh leis an bPlean seo a chur le chéile, gach duine a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháin san áireamh. Tá mé muiníneach go gcuirfidh sé go suntasach le forbairt ár seirbhíse leabharlainne i mBaile Átha Cliath Theas agus seirbhís inrochtana d'ardchaighdeán a chur ar fáil.





## An Méara Paul Gogarty

Is iomaí forbairt atá déanta le cúig bliana anuas inár seirbhís leabharlainne i mBaile Átha Cliath Theas. Ar chúpla forbairt atá déanta tá rannpháirtíocht i gcóras bainistíochta na leabharlann náisiúnta, a chumasaíonn saoránaigh Bhaile Átha Cliath Theas teacht a bheith acu gan srian ar sheirbhísí agus ar acmhainní aon seirbhís leabharlainne sa tír. I mí Meithimh 2013 athosclaíodh leabharlann Bhaile Uí Ruáin a chuireann acmhainn iontach nua-aimseartha ar fáil, agus osclaíodh Mol Digiteach Bhaile Phámar i mí Meithimh 2017. Tá sé léirithe cheana féin go bhfuil an-éileamh ag muintir na háite air, agus is gearr go mbeidh clú air mar acmhainn pobail fháilteach.

Léiríonn ár bplean forbartha leabharlainne uaillmhianach as seo go ceann cúig bliana, na straitéisí agus na gníomhaíochtaí spreagúla a dhíreoidh ar rochtain agus feiceálacht na seirbhíse leabharlainne a fheabhsú, rud a dhéanfaidh ár saoránaigh a cheangal agus a chumasú. Bhí sé mar sprioc riamh ag Leabharlanna Átha Cliath Theas spásanna fáilteacha daonlathacha a chur ar fáil. Tá lúcháir orm go gcuirfear tús le dhá leabharlann nua-aimseartha shaintógtha a thógáil le linn an tsamhraidh 2018 i gCaisleán Thigh Motháin agus Cluain Dolcáin Thuaidh.

Mar sheirbhís leabharlainne saor in aisce, tá buntáiste againn tacú le leibhéil litearthachta agus iad a fhorbairt agus le fionnachtain léitheoireachta, cruthaitheachta, nuálaíochta agus cuimsitheachta a éascú do gach aoisghrúpa. Léiríonn an plean seo tiomantas mór do thacaíocht litearthachta chomh maith le haird a dhíriú ar thiomantas Leabharlann Átha Cliath Theas maidir le seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine atá ag dul anonn in aois, do scoileanna agus do theaghlaigh agus iad a fhorbairt. Áirítear ann freisin, ár rannpháirtíocht ghníomhach i bhforbairt oideachasúil agus chultúrtha na tíre. Tá foráil i rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscnaimh náisiúnta amhail Work Matters, Ceart Chun Cumais Léitheoireachta agus Éire Shláintiúil do rochtain agus d'acmhainní ar bhealach uileghabhálach atá uathúil ag leabharlanna poiblí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuir leis an bplean seo, atá ina cheiliúradh ar acmhainneacht ár seirbhíse leabharlainne phoiblí in Átha Cliath Theas.





## Leabharlannaí an Chontae Bernadette Fennell

Tá mé buíoch de gach duine a bhí páirteach in "Oscailte Duit" Plean Forbartha Leabharlann Átha Cliath Theas 2018 – 2022, lena n-áirítear iad siúd a thóg an t-am le bheith páirteach sa phróiseas fairsing comhairliúcháin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Ghráinne Millar de chuid GM Innovations a bhí lárnach sa phróiseas rannpháirtíochta, taighde agus anailíse.

Buíochas ar leith ag gabháil do gach ball foirne i Leabharlanna Átha Cliath Theas as a gcuid dúthrachta agus díograise do sheirbhís a bhfuil borradh i ndiaidh teacht uirthi mar acmhainn iontaofa a bhfuil meas uirthi i gcroílár an phobail.

Tá seirbhís leabharlainne againn i mBaile Átha Cliath Theas atá forásach uileghabhálach, agus tá mé ag dúil le cur i bhfeidhm an phlean seo as seo go ceann cúig bliana.

# Achoimre Forghníomhaithe

**Leagann an Plean Forbartha seo amach straitéis agus cláir oibre Leabharlann Átha Cliath Theas as seo go ceann cúig bliana. Áirítear ann léargas ar sheirbhísí reatha leabharlann, spriocanna agus tosaíochtaí, agus beartais leis na spriocanna sin a bhaint amach.**



Is é ráiteas misin ár seirbhíse leabharlainne ná:

**Caighdeán na beatha i gContae Bhaile Átha Cliath Theas a fheabhsú ach rochtain a bheith ag an bpobal ar réimse leathan eolais, faisnéise, teicneolaíochta, cultúir agus oidhreachta ar bhealach fáilteach uileghabhálach tacúil.**

Faoi láthair, feidhmíonn ár seirbhís leabharlainne 8 bpointe seirbhíse: 5 leabharlann bhrainse, dhá leabharlann pháirtaimseartha agus mol digiteach leabharlainne. Tá seirbhís leabharlann taistil fhorleathan ann freisin. Ar na huaireanta oscailte a bhíonn ann, tá ceithre thráthnóna mhalla agus oscailt sheachtainiúil ar an Satharn. Le linn shaolré an phlean seo, cuirfear dhá thionscadal mhóra caipitil i bhfeidhm mar atá atógáil leabharlainne den chineál is nua-aimseartha i gCaisleán Thigh Motháin agus tógáil leabharlainne nua i gCluain Dolcáin Thuaidh..

Tá roinnt athruithe déimeagrafaigh a aithníodh i nDaonáireamh 2016 a mbeidh tionchar acu ar an tseirbhís leabharlainne. Léirigh Daonáireamh 2016 go bhfuil daonra Bhaile Átha Cliath Theas tar éis fás 5.1% go 278,767 agus é ag méadú leis lena n-áirítear forbairtí amhail an bhaile nua i gCluain Buiríosa. Tá pobal éagsúil ó thaobh eitneachta de againn agus níos mó ná 120 náisiúntacht i gceist. Áiríonn ár ndaonra sciar mór de dhaoine óga (21,733 atá 0-4 bliana d'aois) agus daonra thar 55 bliain d'aois atá ag fás go tapa (59,472) freisin. Thug Daonáireamh 2016 le fios nach bhfuair 20,772 duine 15 d'aois nó níos sine oideachas bunscoile amháin ná oideachas foirmeálta ar bith. Níl ríomhaire pearsanta ag 23.4% agus níl teacht ag 10.6% ar an Idirlíon. Beidh tionchar ag na próifílí déimeagrafacha seo ar ár litearthacht, eolas, cláir chultúrtha agus ionchuimsiú sóisialta. Mar gheall ar na dúshláin agus na deiseanna go léir a d'fhéadfadh a bheith ann as seo go ceann cúig bliana eile, a dhíríonn ár bPlean Forbartha Leabharlainne ar shé phríomhsprioc.

## Tosaíochtaí agus Aidhmeanna:

### Léitheoireacht agus Litearthacht lena n-áirítear Litearthacht Dhigiteach

Tá dul chun cinn na léitheoireachta agus forbairt ar thacaíocht litearthachta mar chroílár ár seirbhís leabharlainne. Bunscil atá, ní hamháin, i gcumas léitheoireachta a bheith ag duine ach a bheith ábalta ciall a bhaint as foirmeacha éagsúla cumarsáide agus tuiscint chriticiúil a bheith ag léitheoir orthu. Is iomaí seirbhís a chuirimid ar fáil atá dírithe ar chothú agus ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na scile seo.

Scil ríthábhachtach atá i Litearthacht Dhigiteach atá ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile le do bhealach a dhéanamh sa saol nua-aimseartha. Tá áiseanna ríomhaire ar fáil saor in aisce inár mbrainsí leabharlainne, agus cuirtear cúrsaí bunleibhéil, meánleibhéil, agus ardleibhéil ar fáil i ngach brainse. Déanfaidh forbairt

# Achoimre Forghníomhaithe



na Spásanna Teicneolaíochta inár leabharlanna éascaíochta ar ghníomhaíochtaí ETIEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus Matamaitic) agus spreagfaidh siad daoine óga le níos mó scileanna a fhoghlaim sa réimse seo.

### Margaíocht agus Dul Chun Cinn

Is iomaí athrú a tharla le deich mbliana anuas maidir leis an tslí a ndéanaimid cumarsáid agus fógraíocht ar ár seirbhísí. Ba léir le linn an phróisis chomhairliúcháin gurbh fhéidir feabhas a dhéanamh ar fheasacht an réimse leathan seirbhísí a chuirimid ar fáil. Tabharfar tús áite do straitéis Mheán Sóisialta a fhorbairt le heolas a chur amach faoinár seirbhís leabharlainne.

### Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Cuireann teicneolaíocht faisnéise ar ár gcumas a bheith cruthaitheach nuálach agus dírithe ar na custaiméirí, freisin. Deimhníonn ár dtacaíocht ghníomhach don chóras bainistíochta leabharlainne náisiúnta Sierra, flúirse ár n-acmhainní ar líne atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus na háiseanna ríomhaire agus priontála iontacha atá ar fáil inár mbrainsí leabharlainne go gcuirimid seirbhís leabharlainne nua-aimseartha éifeachtúil ar fáil dár bpátrúin. Tá athruithe leanúnacha agus forbairtí ó thaobh na teicneolaíochta de agus oibríonn ár bhfoireann leabharlainne TF go dlúth lena gcomhoibrithe i gComhairle Contae Átha Cliath Theas, an GBRÁ (Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil) agus in údaráis áitiúla eile le seirbhís shruthlíneach chuimsitheach atá suas chun dáta a chur ar fáil.

### Faisnéis agus Foghlaim fad Saoill

Bunláidreacht dár seirbhís atá i rochtain ar eolas agus ar dheiseanna le haghaidh dul chun cinn pearsanta chun bheith páirteach i bhfoghlaim agus i léitheoireacht fad saoil. Beidh ról tábhachtach fós ag cláir náisiúnta amhail Work Matters, Ceart Chun Cumais Léitheoireachta agus Éire Shláintiúil. Mar gheall ar fhás nua atá tar éis teacht ar chúrsaí eacnamaíochta, tá níos mó tábhachta ná riamh le rochtain saor in aisce gan srian ar acmhainní iontaofa dóibh siúd atá ag iarraidh post a fháil, ag tabhairt faoi phost nua nó faoi smaoineamh gnó. Leanfar le tús áite a thabhairt do thacaíocht gnó agus fostaíochta trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí áitiúla amhail Oifig Fiontair Áitiúil Átha Cliath Theas agus Comhlachas Tráchtála Átha Cliath Theas.

### Oidhreacht agus Turasóireacht

Tá Oidhreacht agus Staidéar Áitiúil ar cheann de na láidreachtaí móra atá ag ár seirbhís leabharlainne. Tá cultúr agus cuimhne an Chontae á gcoimhéad inár mbailiúchán staidéar áitiúil, rud a chinntíonn go bhfuil na hacmhainní luachmhara seo ar fáil do gach duine, anois agus go ceann blianta fada. Leanfaidh an bailiúchán staidéar áitiúil seo a bhfuil duaiseanna bainte aige bheith ina phríomhchúram de as seo go ceann cúig bliana. I bhfianaise a fheabhas a d'éirigh le comóradh 1916 Leabharlanna Átha Cliath Theas, déanfar na bailiúcháin atá bainte le comóradh céad bliain Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad a fhorbairt go gníomhach. Leanfar le clár imeachtaí Staire agus Oidhreachta an tsamhraidh



agus déanfar bealaigh eile a fhiosrú a chuireann oidhreacht shaibhir Chontae Átha Cliath Theas chun cinn, a thógann ar ár ndlúthbhaint le hOifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus le hAonad Cur Chun Cinn an Chontae.

**Cultúr agus Pobal**

Is léir ó thorthaí an tsuirbhé ar líne go meastar an leabharlann a bheith ina mol pobail luachmhar, mar gheall ar rochtain ar réimse leathan seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal amhail cúrsaí ríomhaire, Idirlíon, cláir oideachais agus chultúrtha. Breathnaítear ar ár mbrainsí leabharlainne mar sheomraí suí don phobal le haghaidh léitheoireachta, féin-fhoghlaim, feabhsú cultúrtha, ceangal agus cumarsáid a dhéanamh, agus le teacht ar eolas agus siamsaíocht. Leanfaimid le himeachtaí cultúrtha éagsúla idirghabhálacha a eagrú.

## Á Fhíorú

Bainfidh fíorú an phlean seo agus soláthar na gclár straitéiseach leas mór as acmhainní agus láidreachtaí reatha, agus tá gá le níos mó tacaíochta ó thaobh roinnt réimsí de, go príomha:

- **Forbairt Foirne**
- **Forbairt Bailiúcháin**
- **Buiséad**
- **Clár Caipitil**
- **Anailís**

# Ráiteas Misin

**Caighdeán na beatha i gContae Átha Cliath Theas a fheabhsú ach rochtain a bheith ag an bpobal ar réimse leathan eolais, faisnéise, teicneolaíochta, cultúir agus oidhreachta ar bhealach fáilteach uileghabhálach tacúil.**



# Próifíl Leabharlanna Átha Cliath Theas

**Cuireann Leabharlann Átha Cliath Theas seirbhís thábhachtach agus dhinimiciúil ar fáil ar fud Chontae Átha Cliath Theas, lena n-áirítear brainsí leabharlainne lánaimseartha agus páirtaimseartha, mol digiteach agus seirbhís leabharlainne taistil. Tá scoth na n-áiseanna ar fáil ar líne ar ár suíomh gréasáin. Déanann Leabharlanna Átha Cliath Theas iarracht seirbhís iontaobhach, inrochtana agus chuimsitheach a chur ar fáil chuig na pobail éagsúla ar fud Chontae Átha Cliath Theas.**





Tá 9 bpríomh-shráidbhaile sa Chontae: Cluain Dolcáin, Leamhcán, Baile Phámar, Ráth Fearnáin, Tamhlacht, Teach Mealóg, Teach Sagard, Ráth Cúil agus An Caisleán Nua. Thart timpeall ar Chontae Átha Cliath Theas tá na contaetha taobh leis; Cill Mhantáin, Cill Dara, Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá Leabharlanna Átha Cliath Theas suite laistigh de Roinn Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, agus feidhmíonn trí líonra de leabharlanna brainse ar fud an Chontae, ag freastal ar dhaonra de 278,767 (Daonáireamh 2016). Tá comhpháirtíocht oibre rathúil againn le ranna eile laistigh de Chomhairle Contae Átha Cliath Theas go háirithe Cuimsiú Sóisialta, Timpeallacht, Pobal, Turasóireacht agus Margaíocht, agus Oifig Fiontair Áitiúil Átha Cliath Theas.

Tá 100 ball foirne ag an tseirbhís, lena n-áirítear foireann phroifisiúnta, neamh-phroifisiúnta agus tacaíochta. Faoi láthair, táimid i mbun earcaíochta go leanúnach le go mbainfear na figiúirí réamh-mheasta amach faoin bPlean Lucht Saothair.

## Líonra leabharlainne Brainse

Tá 8 bpointe seirbhíse á bhfeidhmiú ag leabharlanna Átha Cliath Theas: 5 leabharlann bhrainse, dhá leabharlann pháirtaimseartha agus leabharlann moil dhigitigh. Chomh maith leis sin tá seirbhís leabharlainne taistil cuimsitheach ann.
Tá na leabharlanna brainse seanbhunaithe ag Ráth Fearnáin (Baile Uí Ruáin), Tamhlacht (Caisleán Thigh Motháin agus Leabharlann an Chontae), Cluain Dolcáin, agus Leamhcán. Áirítear ann foirgneamh Carnegie ina bhfuil Leabharlann Chluain Dolcáin agus Leabharlann nua-aimseartha Bhaile Uí Ruáin a bhfuil duaiseanna buaite aici. Atógadh Leabharlann Bhaile Uí Ruáin go hiomlán in 2013, mar a bhí tiomanta inár bPlean Forbartha Leabharlann 2012–2016, agus tugann sé eispéireas spásúil saibhir do na húsáideoirí ó gach cearn den phobal áitiúil.

Cuirfear tús le hobair thógála do leabharlann nua-aimseartha shaintógtha i samhradh 2018

## Próifíl Leabharlanna Átha Cliath Theas



i gCaisleán Thigh Motháin, ag glacadh áit an tseanfhoirgnimh a bhí tógtha ar léas. Cuirfear tús le hobair thógála ar leabharlann nua i gCluain Dolcáin Thuaidh i samhradh 2018 chomh maith ag cur leabharlann shaintógtha den chineál is nua-aimseartha ar fail i gceantar nach bhfuil leabharlann buan ar fáil. Is forbairt iontach í sin do Leabharlanna Átha Cliath Theas, a chuirfidh go mór le caighdeán na seirbhíse agus le saol an phobail ar a ndéanann siad freastal.

Tá mol digiteach leabharlainne suite in ionad siopadóireachta Bhaile Phámar, agus tá leabharlanna páirtaimseartha ar fáil ag An Teampall Geal agus Ionad Cúram an Stíobhardaigh. Osclaíodh an mol digiteach leabharlainne i mBaile Phámar i Mí Meithimh 2017, tugadh achoimre ar an soláthar sin sa Phlean Forbartha Leabharlann deireanach, a chuireann spás feistithe go hálainn ar fáil don phobal, áit a dtig leo foghlaim, léamh, sult a bhaint as imeachtaí cultúrtha agus leas a bhaint as áiseanna digiteacha. Faoi láthair, déanann Mol Digiteach Leabharlainne Bhaile Phámar freastal ar dhaonra de 11,216.

Tugann Seirbhís Leabharlainne Taistil Átha Cliath Theas cuairt ar bhreis agus 40 stop poiblí ar fud an Chontae, chomh maith le leabhair a sheachadadh chuig scoileanna, naíolanna, agus tithe altranais. Tá rochtain cathaoireacha rothaí ag trí cinn de na ceithre veain agus tá réimse leathan ábhar ar bord acu ar fad. Freastalaíonn an tSeirbhís Leabharlainne Taistil ar an tSeirbhís Seachadta Baile, áis luachmhar dóibh siúd nach bhfuil teacht éasca acu ar a leabharlann áitiúil. Faoina tiomantas le haghaidh forbairt litearthachta ar fud an chontae, bíonn an tseirbhís leabharlainne taistil gafa le Spraoi Teaghlaigh sa Pháirc agus le Fiosracht (comhthionscnamh le hInstitiúid Teicneolaíochta Átha Cliath, Leabharlanna Átha Cliath Theas agus Foróige), agus le gníomhaíochtaí d'fhorbairt sa luathlitearthacht i naíonraí ag us i naíolanna a chur i bhfeidhm.

Tá meaisíní féinseirbhíse RFID ar fáil ag gach pointe seirbhíse leabharlainne, rud a tugadh isteach go rathúil ón bPlean Forbartha deireanach, réimse leathan d'ábhair éagsúla ar fáil ar iasacht, agus teacht ar ríomhairí agus ar phrintéirí, chomh maith le priontáil 3T i leabharlann an Chontae, Tamhlacht agus Leabharlann

**Áthas, foghlaim, comhroinnt, cruthú agus fás á dtabhairt chuig an bpobal fós.**

Suirbhé poiblí

### Borrowbox
ríomhleabhair agus closleabhair saor in aisce le híoslódáil

### RB Digital
irisleabhair dhigiteacha saor in aisce le híoslódáil

### Mango
tairseach ar líne chun teangacha nua a fhoghlaim

### Irish Newspaper Archive
an bunachar sonraí is mó sa domhan de Nuachtáin na hÉireann

### Universal Class
breis agus 500 Cúrsa Oideachais Leanúnach ar líne

### Britannica Library
eolas, ábhar íomhá agus físe ar fáil

### Tumble Book Library
Ríomhleabhair, scéalta le l éamh in éineacht le chéile, físeanna agus closleabhair do pháistí

### ProQuest
comhéadan aonair chun rochtain ar nuachtáin ó gach cearn den domhan

### Comics Plus
seirbhís ar líne chun irisleabhair greannáin a léamh do gach aois

### Vision-Net
eolas comhlachta d'Éirinn agus don Ríocht Aontaithe

Bhaile Uí Ruáin. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an teacht saor in aisce ar an idirlíon agus Wi-Fi agus ar ríomhairí, atá ar fáil ar fud ár líonra, i gContae Átha Cliath Theas, áit nach bhfuil teacht ar an idirlíon ag 10.6% de na cónaitheoirí agus áit nach bhfuil ríomhaire pearsanta ag 23.4% (daonáireamh 2016) Tá uaireanta oscailte leathan ag brainsí leabharlanna Átha Cliath Theas, oscailte go mall ceithre oíche in aghaidh na seachtaine agus gach Satharn.

## Acmhainní ar Líne

Tugann ár suíomh gréasáin, www.southdublinlibraries.ie, rochtain ar áiseanna na leabharlainne de lá agus d'oíche. Le cúig bliana anuas, ón bPlean Forbartha deireanach, cuireadh lenár n-áiseanna ar líne. Ní hamháin go bhfuil roghanna le hábhair a athnuachan nó a ordú, ach is féidir rochtain a dhéanamh ar bhailiúcháin ar líne amhail RB Digiteach (tairseach irisleabhar ar líne), Bosca Iasachta (le haghaidh ríomhleabhar, closleabhair agus ábhar eile), Foinse (ábhar digitithe do staidéar áitiúil), VisionNet (bunachar sonraí gnó), Rang Uilíoch (cúrsaí ar líne in ábhair éagsúla) agus cuid mhór eile.

Cuirtear córas áirithintí ar fáil ar líne chomh maith do ghníomhaíochtaí atá bunaithe sa leabharlann.

Le linn an phlean seo, athdhearfar an suíomh gréasáin chun tairbhe iomlán a bhaint as a chuid acmhainní agus chun rochtain a éascú ar an saibhreas eolais agus na deiseanna foghlama atá ar fáil ansin.

# Próifíl Leabharlanna Átha Cliath Theas




## Na cúig bliana deireanacha

Is iomaí forbairt atá déanta sna seirbhísí a chuireann Leabharlanna Átha Cliath Theas ar fáil ón bPlean Forbartha Leabharlann deireanach, a mhair don tréimhse 2012–2016.

### Cur i bhFeidhm Chóras Bainistíochta na Leabharlann Náisiúnta

Cuireadh le soláthar ár seirbhíse leabharlainne le cur i bhfeidhm rathúil chóras bainistíochta na leabharlann náisiúnta. Chuidigh sé sin leis an bpobal rochtain a bheith acu ar leabharlanna agus ar bhailiúcháin ar fud na tíre. Tá meaisíní féinseirbhíse RFID ar fáil ag gach pointe seirbhíse leabharlainne, rud a tugadh isteach go rathúil ón bPlean Forbartha deireanach.

### Leabharlanna Nua

Bhíodh Leabharlanna Átha Cliath Theas riamh ag tnúth le spásanna leabharlainne déimeagrafacha agus fáilteacha a chur ar fáil. Athosclaíodh Leabharlann Bhaile Uí Ruáin i mí Meithimh i ndiaidh athdhearadh iomlán a dhéanamh uirthi, rud a thugann áis iontach atá seasmhach i leith na todhchaí don phobal. Osclaíodh Mol Digiteach i Leabharlann Bhaile Phámar ar bhonn páirtaimseartha, agus is léir go bhfuil an-tóir air cheana féin i measc an phobail.

### Féile Leabhar na Líne Deirge

Bhí ceiliúradh ar chultúr, ar chruthaitheacht agus ar an tsamhlaíocht mar phríomhaidhm ag Leabharlanna Átha Cliath Theas sa Phlean deireanach agus is tosaíocht é sin go fóill sa lá atá inniu ann. Faoin gcúram seo, chuaigh Féile Leabhar na Líne Deirge ó neart go neart le seacht mbliana anuas. Cuireann Féile Leabhar na Líne Deirge bhliantúil sult ón léitheoireacht agus ón litríocht chun cinn i gContae Átha Cliath Theas, agus cuirtear ár mbrainsí leabharlainne agus ionaid chultúrtha os comhair an phobail chomh maith, mar shampla Amharclann an Phobail, Tamhlacht, Ionad Ealaíon Rua Red, Caisleán Ráth Fearnáin agus tuilleadh.

### Staidéar Áitiúil

Tá ról lárnach ag Leabharlanna Átha Cliath Theas maidir le taifeadadh a dhéanamh ar chultúr agus cuimhne an Chontae trí obair ár bhfoirne Staidéir Áitiúil. Bhí ról nach beag aige le Comóradh rathúil 1916 a thit amach ar fud an Chontae. Tá béim ar leith tugtha d'oidhreacht shráidbhailte an Chontae i bhforbairt aipe Siúlóidí Stairiúla. Chuir an fhoireann go mór leis an saibhreas eolais atá ar fáil ag an ionad nua léirmhíniúcháin i gCloigtheach Chluain Dolcain.


### Foireann

Agus deireadh curtha leis an trádbhaic náisiúnta ar earcú agus leis an bPlean Fórsa Oibre a cuireadh i bhfeidhm ina dhiaidh sin do Leabharlanna Átha Cliath, tá forbairt shuntasach déanta ón bPlean Forbartha Leabharlann deireanach. Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais foirne ag gach grádleibhéal agus tá méid mór d'fhoireann nua earcaithe chun teacht leis an bPlean Fórsa Oibre.


SACRED HEART
SENIOR NATIONAL
SCHOOL
PUTTY

# Na Pobail a nDéanaimid Freastal Orthu

**Faoi réir Daonáireamh 2016, freastalaíonn Leabharlanna Átha Cliath Theas ar dhaonra de 278,767, méadú 5.1% ó 2011. Is mór ag Leabharlanna Átha Cliath Theas na pobail a ndéanaimid freastal orthu agus déanaimid iarracht a riachtanais, a bhíonn ag athrú, a léiriú inár gcláir oideachasúil, chultúrtha agus fhóillíochta.**



> **Seirbhís chuí fhuinniúil atá ar thús cadhnaíochta sa phobal.**
>
> Suirbhé Poiblí

Tá cónaí ar 82,115 páiste atá suas le 19 mbliana d'aois sa Chontae, le 21,733 acu 0–4 bliana d'aois, rud a chiallaíonn gur contae sinn a bhfuil daonra suntasach óg (29%) againn. Tá daonra againn atá ag dul anonn in aois freisin agus 59,472 atá 55 bliain d'aois nó níos sine (21% den daonra iomlán). De thairbhe ceann de na daonraí atá ag dul in aois is mó fás againn os cionn 65 bliain d'aois, chomh maith le daonra óg atá ag fás, tá impleachtaí ann maidir le seirbhísí ar leith a chur ar fáil le freastal ar riachtanais úsáideoirí anois agus amach anseo. Anuas air sin, táthar ag dúil go leanfar le daonra Átha Cliath Theas a mhéadú agus forbairt ar bhaile nua molta i gCluain Buiríosa a dhéanfaidh freastal ar 22,000–24,000 duine as seo go ceann 20 bliain (LECP 2016–2022). Cuirfear idir dheiseanna agus dhúshláin ar fáil de thairbhe freastal a dhéanamh ar an mbaile nua seo don leabharlann atá molta i gCluain Dolcáin Thuaidh.

Cónaíonn éagsúlacht eitneach ollmhór anois i gContae Átha Cliath Theas agus 120

**Contae Átha Cliath Theas: Daonáireamh 2016**

**Daonra Iomlán**
278,767 (imithe suas 5.1% ó 2011)

**Páistí**
82,115 (21,733 0–4 bliana)

**Os cionn 55 bliain d'aois**
59,472 (21% den daonra iomlán)

**Líon Tí**
92,523 (11,705 teaghlach aontuiste)

112.8% os cionn 15 mbliana d'aois gan oideachas foirmeálta ná gan acu ach oideachas

**Ceantair Is Mó Fás Teach**
Sagard-Iarthar na Cathrach, Ráth Cúil agus Tamhlacht-Gort an Tobair

**Ráta Dífhostaíochta**
13.3% ar bhonn contae

Níl rochtain ag 10.6% den daonra ar an Idirlíon, níl ríomhaire pearsanta ag 23.4%

## Na Pobail a nDéanaimid Freastal Orthu



náisiúntacht agus an 5ú líon is airde de chónaitheoirí neamh-Éireannacha sa stát (13.2%) ann. Tá líon an-ard den sciar seo i gceantair áirithe, agus é 19.6% i Leamhcán. Tá 2,208 cónaitheoir ina mball den lucht siúil, figiúr atá ar an dara daonra is airde den lucht siúil tar éis na Gaillimhe.

Ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de, tá 6,000 gnó bunaithe i gContae Átha Cliath Theas, agus tá 184,000 duine atá in aois oibre sa Chontae in 2016. Tá an ráta dífhostaíochta ar bhonn contae 13.3%, rud beag níos airde ná meánráta cheantair Bhaile Átha Cliath.

Tá ceithre cheantar ard-dífhostaíochta sa Chontae: Tamhlacht-Cill an Ardáin (32%); Tamhlacht- Fothair Chardain (28%); Cluain Dolcáin-Rualach (27.2%); Cluain Dolcáin-An Cheapach Mhór (32.2%). Seo déimeagrafach a leanfaimid de bheith ag díriú air, ach tógáil ar cheangal a rinneadh le gníomhaireachtaí cuí amhail Oifigí Intreo agus na Boird Oideachais agus Oiliúna, agus tionscadail a chruthú faoina cláir tacaíochta náisiúnta Work Matters agus Ceart Chun Cumais Léitheoireachta.

Maidir le cúrsaí oideachais, tá 20,772 (11.9%) atá os cionn 15 bliain d'aois nach bhfuil ach oideachas bunscoile acu ná gan oideachas foirmeálta ar chor ar bith. Tá líon an-íseal daoine in Átha Cliath Theas a bhfuil cáilíochtaí leibhéal céime acu (28%) i gcomparáid leis an gcuid eile de Cheantar Bhaile Átha Cliath (38%). Ag an am céanna, tá Institiúid Teicneolaíochta Tamhlacht (ITT) suite in Átha Cliath Theas agus breis is 4,500 mac léinn ann. Tá Léitheoireacht agus Litearthacht ar cheann de na príomhthéamaí i bPlean Forbartha na Leabharlainne seo, taobh le Foghlaim Fad Saoil. Tá siad sin mar bhonn faoinár dtiomantas

### Achoimre ar Úsáid Leabharlainne le linn 2017

**44,492**
Pátrúin Ghníomhacha

**859,648**
Fíorchuairteoirí

**484,211**
Cuairteoirí Fíriúla





**Áit ina dtagann eolas, pobal agus samhlaíocht le chéile.**

Suirbhé poiblí

i leith forbairt litearthachta agus scileanna, a chuidíonn le tabhairt faon easnamh scileanna ar fud an Chontae. Is ábhar suntais dár seirbhís, maidir le húsáid/úinéireacht ríomhaire, nach bhfuil rochtain ar an Idirlíon ag 10.6% de dhaonra Chontae Átha Cliath Theas agus níl ríomhaire pearsanta ag 23.4% (Daonáireamh 2016). Mar gheall air sin, is mór an tábhacht a bhaineann le hacmhainní TFC a bheith ar fáil, agus rochtain a bheith orthu inár leabharlanna. De thairbhe na n-athruithe leanúnacha a bhíonn i gceist i réimse an TFC, ní mór na hacmhainní seo a mheas ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go gcuirimid teicneolaíocht reatha chuí ar fáil.

Léirigh Daonáireamh 2016 gurb iad Teach Sagard-Iarthar na Cathrach, Ráth Cúil agus Tamhlacht-Gort an Tobair na ceantair is mó fás i gContae Átha Cliath Theas. As seo go ceann cúig bliana, déanfar machnamh ar dheiseanna leis an líonra brainse leabharlainne a leathnú, agus oiriúnacht agus acmhainní á gcur san áireamh.

**1,160,553**
Earraí Ar Iasacht

**323,252**
Úsáidí Idirlín & Wi-Fi

**4,064**
Imeachtaí Óstáilte

# Próiseas Comhairliúcháin

**Bhí comhairliúchán le páirtithe leasmhara i gceist le hullmhúchán Phlean Forbartha na Leabharlann lena n-áirítear úsáideoirí agus daoine nach n-úsáideann an tseirbhís, foireann na leabharlann, rannóga eile laistigh de Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, grúpaí pobail, gníomhaireachtaí agus an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.**

Baineadh úsáid as réimse modhanna lena n-áirítear comhairliúchán poiblí, suirbhéanna agus fócasghrúpaí. Bunaíodh ár gcur chuige le Plean Forbartha Leabharlanna Átha Cliath Theas a chur le chéile ar na gnéithe seo a leanas:

- Anailís straitéiseach agus Measúnú ar Riachtanais Úsáideora
- Anailís ar Thimpeallacht Sheachtrach
- Comhairliúchán Páirtithe Leasmhara
- Anailís ar Thimpeallacht Inmheánach
- Anailís LLDB
- Anailís PESTEL

## Modh

Ar na modhanna ar leith a úsáideadh bhí:

- Taighde Deisce chun athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar gach doiciméad polasaí cuí ar bhonn áitiúil agus náisiúnta. Féach Aguisín 1 le haghaidh liosta tagairtí.
- Ceardlann Straitéiseach Pleanála ar Anailís PESTEL le príomhfhoireann Chomhairle Átha Cliath Theas chun anailís a dhéanamh ar fhachtóirí seachtracha a mbeidh tionchar acu ar Phlean Forbartha na Leabharlainne as seo go cúig bliana.
- Plé páirtithe leasmhara le húsáideoirí agus daoine nach n-úsáideann trí shuirbhé poiblí, a mheall beagnach 1,000 freagra
- Fócasghrúpaí Poiblí ag Leabharlann Bhaile Ruáin agus Grúpa Ban Rualaí, Tuaisceart Chluain Dolcáin
- Painéal Míchumais, Comhairle Contae Átha Cliath Theas
- Fóram oscailte ag Leabharlann Contae Thamhlachta ina raibh baint ag páirtithe leasmhara, comhairleoirí, foireann shinsearach Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus an pobal




## Suirbhé Poiblí

Dearadh suirbhé poiblí ar líne le próifíl úsáideoirí Leabharlanna Átha Cliath Theas a fháil agus a gcuid eispéireas go ginearálta leis an tseirbhís leabharlainne. Cuireadh an suirbhé poiblí suas ar gach ríomhaire ar fud an líonra leabharlainne a bhfuil rochtain don phobal orthu, agus ar thairseach comhairliúcháin shuíomh idirlín Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Tugadh amach é trí Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. Tugadh amach cóipeanna priontáilte ag gach pointe seirbhíse, imeachtaí leabharlainne, imeachtaí Fhéile Leabhar na Líne Deirge agus i measc ghrúpaí an phobail. Tháinig breis agus 1,000 ceistneoir ar ais agus bhí rannpháirtíocht mhór sa suirbhé trasna an chontae. Ba léir sin sa mhéid gur tháinig freagróirí ó gach ceantar i mBaile Átha Cliath Theas ach amháin

**Mol le haghaidh ionchuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht pobail.**


Suirbhé Poiblí







**Próifíl Aoise Freagróirí an tSuirbhé Poiblí**

- Idir 12–15 bliana d'aois
- Idir 16–22 bliain d'aois
- Idir 23–54 bliain d'aois
- 55+ bliain d'aois




**Ceantar Cónaithe na bhFreagróirí**

- Tamhlacht
- Leamhcán
- Cluain Dolcáin
- Ráth Fearnáin
- Cnoc Lín
- Baile Phámar
- Teach Mealóg
- Eile




**Ceantar Cónaithe na bhFreagróirí (Briseadh Síos Eile)**


- Baile Adaim
- Baile Baodáin
- Baile Uí Ruáin
- Baile Éamainn
- Teach na Giúise
- Na Glaschnoic
- Ráth Miontáin
- An Caisleán Nua
- Ráth Cúil
- Sruth na gCloch
- Teach Sagard




**Téann cúrsaí na leabharlann chun tairbhe do rannpháirtíocht phoiblí.**

Suirbhé Poiblí







## Rátáil na Seirbhísí Leabharlainne




### Tábhacht na Seirbhísí Leabharlainne






**An Bealach a Fhaigheann Daoine Amach Faoi Sheirbhísí Leabharlainne**




Baile Uí Rónáin, áit nach raibh freagróir ar bith. Tugann an leibhéal ard "níl a fhios agam" maidir le réimsí amhail *Seirbhísí Ar Líne, Seirbhísí le hAghaidh Páistí, Cláir Oideachais agus Chultúrtha* le fios go bhféadfadh easpa feasachta nó easpa rannpháirtíochta a bheith ann i measc na bhfreagróirí ó thaobh an réimse seirbhísí a chuireann na Leabharlanna ar fáil de.

**An Bealach a Théann an Leabharlann chun Tairbhe Don Phobal**

Is iomaí slí a dtéann Seirbhís na Leabharlann chun tairbhe don phobal. Chomh maith le rochtain ar réimse leathan seirbhísí amhail ríomhairí, Idirlíon, oideachas, cláir chultúrtha agus cúrsaí a chur ar fáil don phobal, mol pobail atá inti freisin a bhfuil ardmheas uirthi. Spás áitiúil agus áit chruinnithe atá sa leabharlann inar féidir le *"páistí teacht le chéile agus foghlaim faoi rudaí éagsúla saor in aisce"* a chuireann deiseanna oideachais ar fáil agus *"téann cúrsaí na leabharlann chun tairbhe do rannpháirtíocht phoiblí."* Tá ardmheas uirthi mar thimpeallacht staidéir

**Tugann an leabharlann deis dom sult a bhaint as an bpaisean atá agam do leabhair agus é seo a chur ar aghaidh chuig mo pháiste.**

Suirbhé Poiblí

agus foghlama agus cuireann sé *"eolas ar fáil dóibh siúd nach bhfuil sé d'acmhainn acu leabhair/DVDanna a cheannach etc."* Meastar í a bheith ina *"bunionad cultúrtha agus sóisialta"*. Léiríodh freisin an ról tábhachtach atá ag an leabharlann chun intreoir a thabhairt do pháistí i leith léitheoireachta agus déantar achoimre air sin sa ráiteas seo *"tugann sí deis dom sult a bhaint as an bpaisean atá agam do leabhair agus é sin a chur ar aghaidh chuig mo pháiste"*.

### Conas feabhas a chur ar Sheirbhís na Leabharlann?

Dhírigh na príomhmholtaí ar réimsí amhail uaireanta oscailte níos faide agus mhol daoine roghanna eile a bheith ann amhail oscailt Dé Domhnaigh; oscailt níos moille Dé Sathairn, uaireanta oibre níos moille agus oscailt 9rn a bheith ann. Réimse eile a d'fhéadfaí a fheabhsú ná Foireann agus Seirbhís do Chustaiméirí dar le freagróirí mar shampla tríd an bhfoireann a uas-sciliú in TF chun tacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí. Bhí réimsí eile le feabhsú bunaithe ar rochtain Wi-Fi/Idirlíon, níos mó Gníomhaíochtaí Páistí, níos mó limistéar staidéir, deasc, seomraí léitheoireachta, leabhar nua agus leabhar ar fáil i dteangacha iasachta éagsúla.

Go hachomair, léiríonn torthaí an tSuirbhé Poiblí go meastar Seirbhísí Leabharlainne a bheith an-tábhachtach do lucht a n-úsáide go háirithe i réimsí amhail Ábhar Ar Iasacht, Rochtain ar an Idirlíon, Ríomhairí, Seirbhísí Ar Líne, Seomraí Staidéir, Seirbhísí Leanaí, Tagairt, Cláir Oideachais agus Chultúrtha. Cé go meastar chaighdeán na Seirbhíse Leabharlainne a bheith an-mhaith, dhírigh an suirbhé ar ghnéithe atá le feabhsú ó thaobh Seirbhísí Custaiméara, Rochtain ar an Idirlíon, Ríomhairí, Uaireanta Oscailte agus Bailiúchán de. Tá Suíomh Gréasáin na Leabharlainne ina ardán an-tábhachtach le teacht ar eolas, chomh maith le formáidí níos traidisiúnta eile.

**Cuireann an leabharlann eolas ar fáil dóibh siúd nach bhfuil sé d'acmhainn acu leabhair/DVDanna a cheannach etc.**

Suirbhé Poiblí

## Comhairliúchán Poiblí

Chomh maith leis an suirbhé ar líne, rinneadh comhairliúcháin phoiblí ina raibh trí Fhócasghrúpa agus Fóram Poiblí amháin le fáil amach conas a úsáideann daoine an tseirbhís leabharlainne, na gnéithe atá ag obair go maith, réimsí atá le feabhsú a aithint agus aischothú a bhailiú ar bharúil an phobail maidir le leagáid thábhachtach sa chéad Plean Forbartha Leabharlainne eile. Tá aischothú na gcomhairliúchán le haimsiú thíos i bhfoirm príomhláidreachtaí, feabhsuithe atá le déanamh agus spriocanna do Phlean Forbartha na Leabharlann. Is iomaí láidreacht a aithníodh le linn na bhfócasghrúpaí agus bhí leibhéal ard úsáide maidir le seirbhísí éagsúla a chuireann an Leabharlann ar fáil.






**Réimse Bailiúchán**
Tá ardmheas ar an réimse bailiúchán lena n-áirítear DVDanna, Closleabhair, Leabhair, Irisleabhair agus Nuachtáin mar chuid de sheirbhís na leabharlainne. Luaigh tuismitheoir amháin go dtagann siad chun leabhair a fháil ar iasacht chun feabhas a chur ar chumas léitheoireachta agus teanga na bpáistí a fheabhsú, agus suas le 15 leabhar ar iasacht dá bpáistí gach 2 sheachtain. Bhain tuairimí eile maidir le luach na seirbhíse saoire seo agus faoin tslí a bhfuil an leabharlann ina dea-eiseamláir maidir leis an úsáid is fearr á fháil as airgead cáiníocóirí.

**Féilte, Imeachtaí, agus Cúrsaí**
Meastar tábhacht a bheith le rochtain ar fhéilte, taispeántais, cainteanna, imeachtaí cultúrtha, agus léamha maidir le díriú ar lucht spéise éagsúla agus le hardáin éagsúla a chur ar fáil le seirbhís na leabharlann a chur chun cinn agus le feasacht a ardú ina leith.

**Mol don Phobal**
Meastar tábhacht a bheith leis an leabharlann mar Mhol don Phobal, a chuireann eolas pobail ar fáil trína gcuid foirne agus acmhainní, atá mar áit chruinnithe le haghaidh grúpaí, le haghaidh "líonrú sóisialta dóibh siúd atá os cionn 55" agus tugann siad tacaíocht do shláinte agus d'fholláine an phobail. Sampla atá sa chumann grianghrafadóireachta i Leabharlann Bhaile Ruáin ar an luach a bhaineann le spás leabharlainne do phobail.

**Spás**
Bunacmhainn atá i rochtain ar spás chun tacaíocht a thabhairt do réimse éagsúla úsáidí bíodh sin ina spás ciúin don léitheoireacht, spás staidéir agus spás sábháilte do pháistí le léamh agus le foghlaim. Tugadh sampla de pháiste amháin a tháinig chuig seisiún scéalaíochta den chéad uair agus a bhain an-sult as, d'éist sí go han-mhaith agus níos fearr ná mar a dhéanann sí sa bhaile.


## Príomhdhúshláin

- **Easpa Eolais ar réimse leathan Seirbhísí Leabharlainne**
  Ba léir le linn fócasghrúpaí gur féidir eolas ar an réimse leathan seirbhísí atá ar fáil tríd an leabharlann a fheabhsú. Luaigh rannpháirtí amháin nach raibh a fhios acu gur féidir leabhar a chur in áirithe gur féidir a ordú ó leabharlanna eile. Ní raibh daoine eile ar an eolas faoi chlubanna leabhair do dhaoine fásta agus do pháistí i Leabharlann Leamhcáin.

- **Easpa Eolais ar an gCárta Náisiúnta Leabharlainne**
  Ní raibh móran eolais aran tseirbhís seo I measc úsáideoirí. Chomh maith leissin, moladh freisin íomhácárta atá neodrach ó thaobhinscne de a chruthú marléirigh tuismitheoir amháingur mhothaigh a mac nachleis an cárta leabharlainnecé go bhfuil grá aige don leabharlann cionn is go bhfuilcailín ar an gclúdach. Samplamaith atá i dtionscadail arinneadh le déanaí amhailÉire Shláintiúil ag doLeabharlann d'fheachtas dulchun cinn a d'fhéadfaí a úsáidle feasacht a ardú faoingCárta NáisiúntaLeabharlainne.

- **Spás Ciúin**
  Cé gur mó an tábhacht a chuireann úsáideoirí ar rochtain ar spás sa leabharlann, bíonn drochthionchar ar challán a rinne úsáideoirí eile, go háirithe páistí agus déagóirí, ar chaighdeán na timpeallachta a chruthaigh deacrachtaí don léitheoireacht. Mhol úsáideoir

## Próiseas Comhairliúcháin



amháin cluasáin leis an gcallán a réiteach agus chuir úsáideoirí eile an bhéim ar ról tábhachtach na dtuismitheoirí bainistiú gníomhach a dhéanamh ar a gcuid páistí agus iad sa leabharlann.

- **Ballraíocht a ghlacadh sa Leabharlann**
  Léirigh rannpháirtí amháin go bhféadfaí fadhb a chruthú agus seoladh r-phost á iarraidh le ballraíocht a ghlacadh sa leabharlann mar nach mbeadh rochtain ag roinnt úsáideoirí ar ríomhaire nó fón cliste. Tógadh moladh maidir le rogha uimhir fón póca a thabhairt mar gheall ar an méadú atá tagtha ar úsáid fóin phóca in Éirinn.

- **Lucht Spéise/Dírithe ar Úsáideoirí**
  Léiríodh an tábhacht a bhaineann le seirbhísí leabharlainne a chur in oiriúint do riachtanais na ngrúpaí úsáideoirí éagsúla le taithí an úsáideora a fheabhsú go ginearálta. Áirítear ann measúnú a dhéanamh ar riachtanais déagóirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid suimeanna. Ar na moltaí eile a tugadh, bhí buneolas saor in aisce a thabhairt do sheandaoine i leith ríomhairí; leabhair a bhfuil cló níos mó iontu nó closleabhair le haghaidh seandaoine agus leabhair a ghrúpáil de réir aoisghrúpa mar bíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí leabhair a roghnú dá bpáistí.

- **Na Bailiúcháin a leathnú amach**
  Seinnteoirí CD/MP3/ Bataí Cuimhneacháin a thabhairt ar iasacht agus níos mó leabhar a chur ar fáil ar líne.

- **Mol don Phobal Áitiúil**
  Úsáid níos mó a bhaint aisti mar mhol don phobal áitiúil agus margaíocht dhírithe amhail chuig grúpaí gníomhacha daoine atá ar scor a bhíonn i gcónaí ag iarraidh rud éigin le déanamh. Bhí moltaí ann faoin tslí leis an bpobal a mhealladh níos mó agus mealladh tuairimíocht faoi chainteanna, léirmheasanna leabhar, imeachtaí pobail, léirmheasanna léitheoirí, úsáid spáis a chur ar fáil don phobal gnó agus spás lasmuigh a bheith ann i rith an tsamhraidh inár féidir le daoine lón a ithe nó leabhar a léamh.

- **Tacaíocht Teanga**
  Tacaíocht teanga agus litearthachta a thabhairt dóibh siúd nach é an Béarla a gcéad teanga. Moladh caifé teanga a ndéanfadh foireann na leabharlann éascaíocht air nó caifé buail isteach freisin.

- **Suíomh Gréasáin agus Na Meáin Shóisialta**
  Cuardach bunachair ar líne atá níos sothuigthe a fhorbairt mar tá cleachtadh ag daoine ar shuíomhanna níos sofaisticiúla ar líne amhail Amazon agus leabharlanna in ollscoileanna.

- **Cúrsaí**
  Fiosrú a dhéanamh ar an deis atá ann blaschúrsaí ríomhaire/blagáilte a fhorbairt agus an deis atá ann fís a dhéanamh de na cúrsaí agus iad a uaslódáil ar an suíomh gréasáin chun



tacaíocht a thabhairt do r-fhoghlaim/foghlaim ar líne. Níos mó imeachtaí lae a eagrú e.g. 11rn/3–4in.

- **Leabharlanna Taistil**
  Úsáid a bhaint as an tseirbhís leabharlainne taistil chun teacht i láthair a bheith ann ag féilte pobail éagsúla agus mar leabharlanna satailíte, mar shampla, a thugann cuairt ar ionaid phobail a bhfuil foireann dheonach ag obair iontu, rud a chinntíonn go mbeidh láithreacht leabharlainne i ngach ceantar.

- **Fís agus Misean**
  Soiléireacht níos fearr ar bhunmhisean agus fís na leabharlann agus spriocanna intomhaiste le héifeacht agus rath a mheas.

## Leagáid Agus An Todhchaí

Iarradh ar rannpháirtithe cur síos a dhéanamh in abairt ghairid nó i gcúpla focal, ar an rud a ba mhaith leo a fheiceáil mar leagáid Phlean Forbartha na Leabharlainne 2018-2022. Is iomaí freagra saibhir éagsúil a thug daoine a d'fhreastail ar na ceardlanna agus ar na tuairimí a bhí ann, bhí:

**"Mol le haghaidh ionchuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht pobail."**

**"Áit ina dtagann eolas, pobal agus samhlaíocht le chéile."**

**"Glactar léi, úsáidtear í agus iomlán faisnéiseach."**

**"Príomhionad bríomhar cultúrtha i mBaile Átha Cliath."**

**"Seirbhís chuí fhuinniúil atá ar thús cadhnaíochta sa phobal."**

**"Áit a thugann lúcháir, foghlaim, comhroinnt, cruthaitheacht agus fás don phobal fós."**

**"Ionad eolais ilfhreastail."**

Luaigh daoine eile tábhacht na bhfoirne tacúla, grúpaí litearthachta, rannpháirtíocht le páistí, seirbhísí atá dírithe ar an bpobal, inrochtana agus sothuigthe, chomh maith le seomraí ciúine agus áit do dhaoine a bhfuil faisnéis agus eolas uathu.


HARRY AND FRIENDS

## Anailís PESTEL

| Polaitiúil | Eacnamaíoch | Sóisialta |
|---|---|---|
| Athrú Rialtais = athrú sna polasaithe<br>• Luach curtha ar leabharlanna<br>• Eite chlé v eite dheas<br>• Athrú Roinne – An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail<br>• Toghchán Áitiúil 2019<br>• Gníomhachtú Comhairleoirí i ngeall ar thoghchán áitiúil<br>• Ról LGMA<br>• Athrú bainisteora/stiúrthóra<br>• Tionchar ghrúpaí an phobail | • Airgead – maoiniú<br>• Brú mar gheall ar thosaíochtaí eile i.e. tithíocht<br>• Ganntanas maoinithe caipitil<br>• Neamhchinnteacht eacnamaíoch - Breatimeacht<br>• Soláthar– seirbhísí comhroinnte | • hrú i ndéimeagrafaic – i ndaonra<br>• Éagsúlacht Chultúrtha<br>• Easpa dídine<br>• Brú ar Theaghlaigh<br>• Meabhairshláinte etc.<br>• Fairsinge Réimse Úsáideoirí/ Úsáideoirí Féideartha<br>• Oideachas<br>• Litearthacht – dhigiteach/ faisnéis/thraidisiúnta<br>• Eisiamh Sóisialta /daoine nach n-úsáideann<br>• Polasaithe Sóisialta – inscne/ cultúrtha<br>• Aireachtáil/Margaíocht<br>• Easpa Ama<br>• Coinníollacha Fostaíochta<br>• Freagra d'Athruithe<br>• Spásanna Pobail |

| Teicneolaíoch | Timpeallacht | Dlíthiúil |
|---|---|---|
| • Méadú tapa sa Teicneolaíocht<br>• Dul chun cinn LMS<br>• Ní mór cur i bhfeidhm traidisiúnta na seirbhíse a athrú<br>• Leabharlanna Oscailte<br>• Níos mó seirbhísí a chur i bhfeidhm ó thaobh na teicneolaíochta de: iPadanna/ fóin chliste<br>• STEAM<br>• Próifíliú /Teicneolaíocht Beacon<br>• Digitiú<br>• Uaireanta oscailte breise | • Tionchar tithíochta nua ar an timpeallacht<br>• Méadú ar sheirbhís leabharlainne le díriú ar eastáit nua<br>• Múnlaí nua leabharlann<br>• Soláthar Glas<br>• Úsáid spáis laistigh dár leabharlanna<br>• Ról na turasóireachta – oidhreacht nádúrtha a chosaint<br>• Treoracha – timpeallachta<br>• Dearcadh traidisiúnta v Coitianta – SDZ nua + dualgais<br>• Spásanna Sóisialta/ Neodracha | • Cosaint Sonraí / GDPR<br>• Rialacháin an AE<br>• Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána<br>• Foireann dheonach<br>• TCI<br>• Rialacháin lasmuigh dár smacht<br>• Fadhbanna ag teacht as seirbhísí comhroinnte<br>• Sláinte agus Sábháilteacht – rochtain<br>• Measúnú Riosca<br>• Riachtanas le fás a thuairisciú<br>• Saoráil Faisnéise<br>• Ilchultúrthacht |

**Próiseas Comhairliúcháin**




## Anailís LLDB láidreachtaí, laigí, deiseanna, bagairtí

| Láidreachtaí | Laigí |
|---|---|
| • Foireann iontach<br>• Brandáil<br>• Uileghabhálach<br>• Naisc Phobail<br>• Tacaíocht an Phobail<br>• Dea-thoil polaitiúil<br>• Infreastruchtúr maith<br>• Maoiniú<br>• Uaireanta Oscailte agus Rochtain<br>• Seirbhís Phroifisiúnta<br>• Cruthaitheach<br>• Seirbhís Ar Líne<br>• Glacadh le hAthrú<br>• Bailiúcháin<br>• Rannóg an Staidéir Áitiúil | • Brandáil – mearbhall<br>• Cumarsáid<br>• Comhtháthú<br>• Easpa Taighde/Meastóireachta/Aiseolais/ Anailíse ar a ndéanaimid<br>• Frithghníomhach<br>• Níos mó machnaimh ag teastáil<br>• Oiliúint Foirne<br>• Dul Chun Cinn/Margaíocht – díriú ar dhaoine nach n-úsáideann<br>• Raon ó thaobh na tíreolaíochta de<br>• TFC – Níos mó le déanamh |

| Deiseanna | Bagairtí |
|---|---|
| • Foirgneamh Nua<br>• Seirbhísí Nua<br>• Seirbhísí Comhroinnte<br>• Teicneolaíocht/STEM<br>• Déimeagrafaic<br>• Foireann nua / smaointe nua<br>• Comhpháirtíocht nua le Rannóga Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus eile<br>• Comhoibriú<br>• Tionscadail Náisiúnta<br>• Féiniúlacht Áitiúil<br>• Oiliúint/Gairmiúlacht<br>• Na Meáin Shóisialta | • Teicneolaíocht<br>• Timpeallacht pholaitiúil/athrú<br>• Cailliúint féiniúlachta<br>• Rialacháin – barraíocht<br>• Cuardach Google<br>• Soghluaisteach Foirne<br>• Ionchais Phoiblí<br>• Fachtóirí Eacnamaíocha<br>• Athrú ar dhéimeagrafaic<br>• Leabharlanna Oscailte |


FINANCIAL TIMES
focus on private sector debt


self service

# Torthaí an Taighde

**Aithneodh sa taighde a rinneadh mar chuid den bpróiseas comhairliúcháin do Phlean Forbartha na Leabharlann roinnt téamaí atá le léiriú mar phríomhspriocanna straitéiseacha agus gníomhaíochtaí.**

## Fís, Misean agus Feidhm

Le linn an phróisis chomhairliúcháin, tháinig sé chun solais gur chóir do Leabharlanna Átha Cliath Theas ráiteas misin an-soiléir a bheith acu a léiríonn a bhfeidhm lena n-obair a threorú, agus a chuidíonn le cumarsáid a dhéanamh do na pobail éagsúla ar a ndéanann siad freastal. Tugann an Plean deis do Leabharlanna Átha Cliath Theas tréithe na ceannaireachta a léiriú agus iad ag dul i bhfeidhm ar sheirbhís leabharlainne amach anseo sa 21ú Céad.

## Margaíocht agus Dul Chun Cinn

Feachtas leanúnach ardú feasachta le Seirbhísí Leabharlainne a chur chun cinn trasna réimse deiseanna traidisiúnta agus ar líne atá dírithe ar cheantair ar leith.

## Forbairt Foirne

Ceannasaíocht a fhorbairt ag gach leibhéal den fhoireann agus dul i mbun oibre ar fhorbairt eagraíochta le feabhsú a dhéanamh ar ionchur gach ball foirne don tSeirbhís Leabharlainne.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Deis an TFC a fhiosrú, a thapú agus infheistíocht a dhéanamh ann leis an tSeirbhís Leabharlainne a fheabhsú go ginearálta.

## Litearthacht Dhigiteach

Forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar oideachas neamhfhoirmeálta agus deiseanna oiliúna i réimsí na litearthachta digití do dhaoine óga agus daoine fásta a bhfuil réimsí fócais ar leith ann.

## Spás Ciúin

Bealaigh a fhiosrú le timpeallacht a chruthú a léiríonn meas ar riachtanais gach úsáideora idir óg agus aosta, chun ardchaighdéan taithí leabharlainne a chothú, go háirithe sna leabharlanna níos gnóthaí.

## Staidéar Áitiúil agus Acmhainní

Tairbhe a bhaint as na hacmhainní ollmhóra agus as an saineolas i Staidéar Áitiúil, oidhreacht chultúrtha agus stair laistigh den tseirbhís leabharlainne le dul chun sochair do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus don phobal áitiúil.

## Uaireanta Oscailte

Feasacht níos mó a ardú maidir le huaireanta oscailte reatha.

## Forbairt ar Lucht Spéise

Rannpháirtíocht uileghabhálach a chur chun cinn ar fud an phobail agus béim ar leith ar an duine nach n-úsáideann an leabharlann.

## Tomhas agus Tionchar

Próiseas a fhorbairt le staitisticí caighdeánaithe a bhailiú agus tuairisciú atá bunaithe ar fhianaise chun mioneolas a chur ar fáil faoi thaithí agus tuairimí daoine ar Sheirbhísí Leabharlainne.


BE A
SUMMER STAR!
www.summerstars.ie
RSA

# Príomhspriocanna

**I ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar na háiseanna atá againn, ar phróifíl déimeagrafach na bpobal a ndéanaimid freastal orthu, agus ar thorthaí ón bpróiseas comhairliúcháin cuimsitheach, aithníodh sé phríomhsprioc.**




## Sprioc 1: Léitheoireacht agus Litearthacht dhigiteach

Tá cur chun cinn na léitheoireachta agus forbairt na litearthachta mar chroílár ár seirbhís leabharlainne. Cuimsíonn litearthacht i bhfad níos mó ná léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Is scil ar leith é ní hamháin cumas léitheoireachta a bheith ag duine ach cumas tuisceana agus meas criticiúil a bheith agat ar na cineálacha éagsúla cumarsáide. Tugann Litearthacht cumhacht dúinn, tugann sí scileanna fadtéarmacha dúinn chun teacht ar thairbhí sóisialta, oideachasúla, sláinte agus eacnamaíochta agus cuireann ar an mbealach sinn chuig foghlaim fad saoil. Tá ról ar leith ag seirbhís leabharlainne poiblí chun tacú le scileanna litearthachta agus iad a fhás agus chun deis a thapú le léitheoireacht, cruthaíocht agus nuálaíocht a aimsiú.

Tá ról riachtanach ag leabharlanna i gcothú nósanna léitheoireachta na bpáistí ó aois an-óg agus i spreagadh samhlaíochta agus cruthaíochta. Áirítear ann obair go dlúth le scoileanna agus le teaghlaigh leis seo agus cláir nuálacha a chur ar fáil chun litearthacht a fheabhsú agus tacú léi i measc daoine óga. Tá caidreamh láidir idir ár leabharlanna agus cuid mhór de na scoileanna sa Chontae. Cuirfear leis na caidrimh seo agus cruthófar cinn nua le scoileanna nach bhfuil éasca teacht orthu agus scoileanna nua le linn fhad saoil an phlean seo.

Bíonn tionchar ag an teicneolaíocht ar an mbealach a gcaitheann daoine a saol agus ar an mbealach a ndéanann siad ceangal agus teagmháil le seirbhísí poiblí. Tá an cumas idirghníomhú mar shaoránach digiteach ina scil thábhachtach. Lámh ar lámh leis an litearthacht thraidisiúnta, tabharfar tús áite inár seirbhís d'fhorbairt agus do chur chun cinn deiseanna oideachais agus traenála neamhfhoirmiúla i réimse na litearthachta digiteach.

Tá Leabharlanna Átha Cliath Theas tiomanta chun líonra a láidriú atá ann cheana, tacú le straitéisí áitiúla agus náisiúnta, agus chun tógáil ar chur chuige comhpháirtíochta le seirbhís tacaíochta litearthachta chórasach a sheachadadh. Is tosaíocht í a bheith ag obair tríd an gcreatlach náisiúnta chomhordaithe Ceart chun Cumais Léitheoireachta do thacaíocht agus d'fhorbairt na litearthachta ar fud an líonra leabharlainne.

### Gníomhartha:

- Comhordaitheoir Ceart chun cumais Léitheoireachta a aithint, agus Plean Gnímh Ceart chun Cumais Léitheoireachta a chur le chéile agus achoimriú a dhéanamh ar ár straitéisí
- Bailiúcháin acmhainní cuimsitheacha agus comhaimseartha a choimhéad i ngach brainse.
- Oiliúint a chur ar fáil faoi fheasacht litearthachta do gach ball foirne.
- Cláir do litearthacht daoine fásta agus do theaghlaigh a fhorbairt agus a chur ar fáil
- Spriocscoileanna a aimsiú, cuairteanna ranga agus imeachtaí a ofráil, le haird a dhíriú ar an méid mór áiseanna forbartha litearthachta agus léitheoireachta atá againn
- An áis TTRS (Touch Type Read Spell) a chur ar fail agus a chur chun cinn ar fud an líonra brainse, agus fiosrúchán á dhéanamh ar bhogearraí iontaofa eile agus aipeanna a thacaíonn leis an litearthacht
- Clubanna leabhar i ngach brainse a éascú agus a chur chun cinn
- Léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr a spreagadh trí thaispeántais leabhar agus fógraíochta a reáchtáil
- Grúpaí scríbhneoireacht chruthaitheach do ghrúpaí éagsúla a eagrú agus a éascú
- Treoirlínte Gnáth-Bhéarla a thabhairt le chéile in ábhar fógraíochta
- A chinntiú go bhfuil ár leabharlanna soiléir, le comharthaí soiléire iontu, agus deartha go mbeidh rochtain éasca ar bhailiúcháin
- Cloí leis na treoirlínte ar mhaithe le Baile Átha Cliath Theas a choinneáil mar chomhairle atá báúil don Litearthacht
- Cláir bhunleibhéil agus ardleibhéil a chur ar fáil, deartha chun forbairt agus cur le scileanna litearthacht dhigiteach, le béim ar leith ar úsáideoirí aosacha agus níos sine
- Forbairt leanúnach ar na cláir STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíon agus Matamaitic) do dhaoine óga
- Nasc a dhéanamh le heagraíochtaí lasmuigh chun cláir litearthacht dhigiteach a sheachadadh agus chun dul i mbun an chleachtais is fearr.

## Príomhspriocanna

### Sprioc 2: Margaíocht agus Cur Chun Cinn

Ón bPlean Forbartha Leabharlainne deireanach, tá athruithe móra ar na bealaí a ndéanaimid cumarsáid agus fógraíocht ar ár seirbhísí.

Déanann staitisticí a dhéanann monatóireacht ar na meáin shóisialta eisithe ag IPSOS MRBI comparáid ar úinéireacht chuntais na meán sóisialta agus a n-úsáid in Éirinn ar feadh 12 mhí go dtí Aibreán 2017:

- Is é Facebook an t-ardán ceannasach do na meáin shóisialta ag 57%
- Tá an líon is mó ball ag Facebook a bhaineann úsáid laethúil as (74%)
- Tá an méadú is mó déanta ag Instagram ó 23% go 28%
- Tá úsáid LinkedIn ag 28%, méadú 2% ón mbliain seo caite
- Tá laghdú 4% ar úinéireacht cuntas Twitter go 25%
- Úsáideann 28% de dhaoine os cionn 15 bliana Instagram

Ba léir ón eolas cruinnithe ónár bhfócasghrúpaí go bhféadfaí feabhas a chur ar an bhfeasacht atá ann maidir lenár réimse leathan seirbhísí. Tabharfaidh Leabharlanna Átha Cliath Theas faoi fheachtas ardú feasachta leanúnach chun seirbhísí leabharlainne a chur chun cinn ar fud réimse ardán traidisiúnta agus ar líne le fócas faoi leith ar fhorbairt straitéise na meán sóisialta.

### Gníomhartha:

- Athfhorbairt a dhéanamh ar shuíomh gréasáin Leabharlann Átha Cliath Theas atá ann chun eolas atá dírithe ar chustaiméirí, idirghníomhach, éasca teacht air agus éifeachtach a chur ar fáil
- Straitéis margaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do na meáin shóisialta chun fógraíocht a dhéanamh, agus an réimse agus an méid seirbhísí agus clár a choinneáil cothrom le dáta i Leabharlanna Átha Cliath Theas
- Coiste meán sóisialta a cheapadh chun monatóireacht a dhéanamh ar ár margaíocht ar líne agus a chur chun cinn
- Físeán bolscaireachta a fhorbairt chun feasacht ar sheirbhísí leabharlainne a ardú
- Agus úsáid á baint as an bhfíseán seo, dírigh isteach go gníomhach ar scoileanna sa Chontae chun feasacht agus ballraíocht a ardú
- Féiniúlacht Leabharlann na hÉireann a chur chun cinn agus páirt a ghlacadh in aon straitéis margaíochta náisiúnta ag obair i dtreo branda leabharlainne aitheanta ar fud na tíre
- Athdhearadh a dhéanamh ar an gcárta ballraíochta leabharlainne atá ann chun íomhá chomhaimseartha a léiriú do sheirbhísí dhaoine fásta agus pháistí
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar shásamh chustaiméirí trí aiseolas a lorg ar líne, cur chuige réamhghníomhach ó fhoireann leabharlainne, úsáid a bhaint as cártaí ráitis custaiméirí




https://shawconsulting.ie/2017/08/21/social-media-usage-in-ireland-2017/



## Sprioc 3: Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Tá Leabharlanna Átha Cliath Theas ag lorg bealaí ar bhonn leanúnach chun cur le seachadadh seirbhíse. Déanann Foireann TFC cinnte de go ndéantar cúram den infreastruchtúr, crua-earraí, bogearraí agus de sheirbhísí ar líne agus go ndéantar forbairt orthu go dtí an caighdeán is airde. Le reáchtáil éifeachtach den gcóras bainistíochta leabharlainne a chinntiú bíonn dlúthchomhoibriú idir ár bhfoireann TFC agus a gcomhghleacaithe ar fud na tíre. Tá caidreamh oibre den scoth ar siúl leis an Roinn TF de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas le fadhbanna a réiteach maidir le haon cheist infreastruchtúir.

Ar feadh na cúig bliana romhainn, oibreoimid chun seirbhís den scoth a chur ar fáil le forbairt cheannródaíoch, agus a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí trí iniúchadh a dhéanamh ar na forbairtí TFC is déanaí. Tá aird ar pháistí scoile chun tosaigh inár gcuid pleananna agus cuirfear le rannpháirtíocht leanúnach i dtionscadail amhail Fiosracht agus STEAM. Trí thacaíocht agus teicneolaíocht amhail printéirí 3T a chur ar fáil, cuirfear le fás Maker Spaces agus Ionaid Foghlaim Dhigiteach ar fud an líonra brainse.

**Gníomhartha:**

- Athdhearadh a dhéanamh ar shuíomh gréasáin na leabharlainne, www.southdublinlibraries.ie
- Córas bainistíochta na leabharlainne a chothabháil, lena n-áirítear tacaíocht leis an bhfoireann agus comhoibriú le comhghleacaithe ar fud na tíre
- Lean leis an gcomhoibriú le soláthróirí maidir le riachtanais crua-earraí, bogearraí agus infreastruchtúr
- Lean leis an gcomhoibriú le Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil maidir le tionscadail TFC náisiúnta
- Bainistíocht ar an tionscadal Foinse, an córas digiteach ina bhfuil ábhar Staidéir Áitiúil
- Tacaíocht agus oiliúint foirne maidir le hinfreastruchtúr TFC
- Staitisticí a chomhthiomsú do riachtanais áitiúla agus náisiúnta
- Bainistíocht a dhéanamh ar riachtanais chosanta sonraí
- Suíomh patrún leabharlainne a mharcáil ar fud an chontae agus úsáid á baint as teicneolaíocht éirchóid agus GIS chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do phleanáil agus do mhargaíocht
- Gníomhaíochtaí STEAM a chur chun cinn agus tacú leo do pháistí suas go 12 bhliain ar fud an líonra brainse
- Maker Spaces a fhorbairt i mbrainsí leabharlainne le teicneolaíocht agus tacaíocht chuí a chur ar fáil
- Deiseanna d'ionaid foghlaim dhigiteach a fhiosrú, tógáil ar an eispéireas ón Mol Digiteach i Leabharlann Bhaile Phámar




**Glactar léi, úsáidtear í agus iomlán faisnéiseach.**

Suirbhé Poiblí

## Sprioc 4: Oidhreacht agus Turasóireacht

Tá oidhreacht agus staidéar áitiúil ar na láidreachtaí is mó atá ag ár seirbhís leabharlainne. Tá cultúr agus cuimhne an Chontae á gcoimhéad inár mBailiúchán Staidéir Áitiúil le cinnte a dhéanamh de go bhfuil na hacmhainní luachmhara seo ar fáil do chách, ní hamháin anois ach sa todhchaí.

### Gníomhartha:

- Lean leis an mBailiúchán Staidéar Áitiúil a fhorbairt agus déan athbhreithniú rialta ar an bPolasaí maidir le Forbairt Bailiúcháin
- Cuir ábhar digitithe le Source, ár gCartlann Dhigiteach, rud a fheabhsóidh rochtain ar an mBailiúchán Staidéar Áitiúil, agus a chaomhnóidh ábhar uathúil agus luachmhar
- Bailiúcháin a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán a fhorbairt go gníomhach, cuimhneacháin agus grianghraif ag baint leis an tréimhse sin dár stair a bhailiú, agus úsáid a bhaint as an ábhar sin i gcomhair taispeántas, cainteanna agus foilseachán
- An fhéidearthacht chun tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh ar an suíomh gréasáin i dtaca le Mapáil Stairiúil Átha Cliath Theas a fhiosrú, suíomh a bhfuil duaiseanna bainte aige, le tuilleadh mapaí agus feidhmiúlacht mhéadaithe
- Comhoibrigh i gcomhthionscadail leis an Oifigeach Oidhreachta, agus tabhair tacaíocht taighde d'Aonad Fógraíochta an Chontae le tionscadail turasóireachta a chur i bhfeidhm, mar shampla tionscadal siúlóidí sráidbhailte stairiúla
- A chinntiú go bhfaigheann custaiméirí seirbhís den scoth trí oiliúint a chur ar fáil don fhoireann ar fad maidir le háiseanna staidéar áitiúil
- Scéim dheontas a bhunú maidir le foilseacháin staidéar áitiúil, agus déan foilseacháin staidéar áitiúil a bhfuil tóir orthu a athchló.
- Cuir an Bailiúchán Staidéar Áitiúil chun cinn trí pháirtíocht leanúnach sa chlár le haghaidh imeachtaí samhraidh Staire agus Oidhreachta, an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, agus trí thaispeántais agus léachtaí mór le rá a reáchtáil
- Naisc le scoileanna i gcur chun cinn áiseanna staidéir áitiúil a láidriú trí eolas agus pacáistí acmhainne, ábhair thacaíochta don teagasc, turais faoi na taispeántais, cuairteanna ranga agus cainteanna chuig daltaí a chur ar fáil
- Tacaigh le Cumainn Staidéir Áitiúil ina gcuid gníomhaíochtaí

## Sprioc 5: Faisnéis agus Foghlaim Fad Saoil

Tá deis iontach ag leabharlanna poiblí foghlaim fad saoil agus seansanna do dhul chun cinn pearsanta a éascú. Spreagann ár seirbhísí rannpháirtíocht i bhfoghlaim agus i léitheoireacht fad saoil. Bunláidreacht de chuid sheirbhís Leabharlainne Átha Cliath Theas ná rochtain ar fhaisnéis saor in aisce. Tá ag méadú ar rochtain ar acmhainní agus faisnéis ghnó agus fostaíochta, chomh maith le hacmhainní atá bainte le sláinte agus tá sé anois ina thosaíocht.

### Faisnéis: Tacaíocht Ghnó agus Fostaíochta

Mar gheall ar fhás nua atá tar éis teacht ar chúrsaí eacnamaíochta, tá níos mó tábhachta ná riamh le rochtain saor in aisce gan srian ar acmhainní iontaofa dóibh siúd atá ag iarraidh post a fháil,ag tabhairt faoi phost nua nó smaoineamh gnó. Tá sé de bhuntáiste ag Leabharlanna Átha Cliath Theas na hacmhainní seo a chur ar fáil agus tá siad ina bhfoinse ríthábhachtach tacaíochta. Cuirimid deis ar fáil ríomhairí, an t-Idirlíon agus Wi- Fi a úsáid saor in aisce, chomh maith le rochtain ar na pacáistí teagaisc agus teimpléid is déanaí saor in aisce.

Cuireann ár suíomh gréasáin an dúrud eolais agus deiseanna foghlama ar fáil, lena n-áirítear bunachar gnó VisionNet,agus rochtain ar Nuachtáin na hÉireann agus Idirnáisiúnta ar líne. Ar na hacmhainní eile ar líne atá saor in aisce le húsáid, tá: Universal Class ina bhfuil cúrsaí ar líne i gcuid mhór ábhar lena n-áirítear forbairt ghairmiúil, iarratais ghnó, cláir bogearraí agus féinfheabhsúchán, Mango le haghaidh foghlaim teanga; bosca lasachta le haghaidh r-Leabhar agus closleabhar; chomh maith le RB Digital le haghaidh irisleabhar agus Tréimhseachán. Liostaímid naisc chuig eagraíochtaí cuí freisin.

Tá comhoibriú le gníomhaireachtaí áitiúla riachtanach leis na roghanna is fearr a chur ar fáil do thacaíocht cuardaitheoir poist agus gnó. Leanfaidh ár leabharlanna lena n-idirghabháil le hOifig Fiontair Áitiúil Átha Cliath Theas agus Comhlachas Tráchtála Átha Cliath Theas, agus tógfar ar na naisc sin faoin gClár Work Matters. Ar an gcomhpháirtíocht eile a dhéanfar a chothú tá an Líonra Nuálaíocht Fiontraíochta (NF) a thagann le chéile gach seachtain i Leabharlann an Chontae, Tamhlacht agus an Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO). Agus comh-phrótacal idir leabharlanna poiblí agus BOOnna aontaithe againn, déanaimid iarracht teacht ar dheiseanna le haghaidh comhfhiontar leanúnach.


### Gníomhartha:

- Rannpháirtíocht iomlán gach brainse sa chlár náisiúnta Work Matters ag an Leabharlann
- Tacaíocht d'ardchaighdeán a chur ar fáil dóibh siúd atá ag cuardach fostaíochta, d'fhorbairt ghairmiúil agus d'fhaisnéis ghnó
- Spásanna tiomnaithe Work Matters atá brandáilte go soiléir a chruthú agus a chothú le haghaidh sealaíocht deisce i ngach ceann dár leabharlanna
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár n-áiseanna ríomhaire, pacáistí teimpléid agus teagaisc, áiseanna priontála agus scanta (Priontáil 3T san áireamh) agus iad a fheabhsú, nuair is ga agus faoi réir srianta buiséadacha
- Tógáil ar an gcaidreamh oibre le LEO Átha Cliath Theas, Comhlachas Tráchtála Átha Cliath Theas agus gníomhaireachtaí eile cuí ar mhaithe leis na hacmhainní is cuí agus is luachmhaire a chur ar fáil
- Leanúint lenár rannpháirtíocht sa chomh-phrótacal nua leis an BOO áitiúil, rud a chruthaíonn deiseanna dá gcliaint eolas a chur ar sheirbhísí leabharlainne



## Príomhspriocanna

**Sláinte Ghinearálta**
**Átha Cliath Theas**




■ Iontach Maith (167,663)




## Sprioc 5: Faisnéis agus Foghlaim Fad Saoil

**Faisnéis: Sláinte agus Folláine**
Luaigh níos mó ná leathchuid de dhaonra Átha Cliath Theas, 167,663, go raibh a sláinte go ginearálta An-Mhaith (Daonáireamh 2016). Tá leabharlanna Átha Cliath Theas rannpháirteach go gníomhach sa tionscadal Éire Shláintiúil agus táthar ag dúil trínár n-acmhainní agus imeachtaí, gur féidir linn tacaíocht a thabhairt do shláinte agus d'fholláine dhaonra an Chontae.

**Gníomhartha:**

- Páirt a ghlacadh in Éirinn Shláintiúil ag do Leabharlann – clár le heolas a chur ar an bpobal faoi fhadhbanna sláinte agus iad a spreagadh chun athruithe dearfacha a dhéanamh ar a saol
- Leabharlanna Átha Cliath Theas a bhunú mar acmhainn iontaofa inrochtana le haghaidh eolas sláinte
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar a bhaineann le sláinte agus cur leis i bhformáid éagsúla agus béim a chur ar ábhar atá bunaithe ar fhianaise
- Bail a choinneáil ar ár bhfoirgnimh leabharlainne ar an gcaighdeán is airde ar fad chun spásanna compordacha sábháilte fáilteacha a chur ar fáil don phobal.
- Páirt iomlán a ghlacadh i Seachtain Sláinte agus Folláine bhliantúil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas
- Na hacmhainní atá ar fáil sa leabharlann agus ar líne ar ár suíomh gréasáin a chur chun cinn.
- Leanúint de bheith ag forbairt comhpháirtíochta le gníomhaireachtaí eile sa phobal agus san earnáil sláinte chun chur i bhfeidhm seirbhíse a fheabhsú agus dea-chleachtas a sholáthar
- Deiseanna a chur ar fáil don fhoireann a gcuid folláine agus acmhainneachta féin a fheabhsú

## Sprioc 6: Pobal agus Cultúr

**Pobal**
Is spásanna fáilteacha sábháilte iad ár mbrainsí do dhaoine lena scíth a ligean, caidreamh sóisialta a dhéanamh, teacht ar eolas agus páirt a ghlacadh i gcúrsaí chun scileanna nua a fhoghlaim. Sliocht freagróra ár suirbhé poiblí a lua: "Is bunionad cultúrtha agus sóisialta í (an leabharlann)", Bunaithe ar thorthaí ó Dhaonáireamh 2016 agus ar chomhairliúcháin phoiblí, thángamar ar dhéimeagrafaic ar a mbeidh ár seirbhísí dírithe thar thréimhse an Phlean Forbartha seo.

**Seirbhísí do dhaoine níos sine**
le Daonáireamh 2016, tá ceann de na daonraí is mó fás os cionn 65 bliain d'aois ag Contae Átha Cliath Theas.

Le déanaí, tá níos mó feasachta faoi thionchar diúltach an uaignis agus scoiteacht shóisialta i sochaí an lae inniu (Tá Tascfhórsa Uaignis bunaithe in Éirinn ina bhfuil daoine ón bpobal, ón réimse deonach agus leighis agus é comhordaithe ag an Dr Keith Swanick agus Sean Moynihan de chuid ALONE). Is féidir lenár mbrainsí leabharlainne ról a bheith acu le cur in aghaidh uaignis agus le forbairt chultúrtha a chothú tríd na seirbhísí a chuirimid ar fáil. Tugann imeachtaí sóisialta éagsúla deis do dhaoine níos sine sa phobal teacht le chéile, i suíomh sóisialta sábháilte. Cuirtear fáilte ar leith roimhghrúpaí gníomhacha daoine atá ar scor agus spreagtar iad. Tugann tionscadail ó ghlúin go glúin deis foghlaim faoi thaithí saoil ár saoránach níos sine. Cuirfear an chuid is mó de na tionscadail sin i bhfeidhm ar fud líonra an bhrainse.

Glacann gach brainse páirt ghníomhach san fhéile bhliantúil Bealtaine ina mbíonn clár imeachtaí a dhéanann cultúr agus cruthaitheacht a cheiliúradh do dhaoine atá níos sine. Tá ár Seirbhís Gafa Sa Teach ag éirí níos luachmhaire dóibh siúd nach bhfuil teacht acu ar leabharlann go fisiciúil.

**Gníomhartha:**

- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár seirbhísí le seirbhís leabharlainne chuí spreagúil a bhfuil ardchaighdeán uirthi a chur ar fáil dár saoránaigh
- Tabhairt faoi dheiseanna foghlama digití, agus cinnte a dhéanamh de go gcuireann na ranganna a sholáthraítear na hathruithe móra ar nua-theicneolaíocht san áireamh
- Leanúint le gníomhaíochtaí cultúrtha agus foghlaim fad saoil a phleanáil inár leabharlanna
- Tionscadail ó ghlúin go glúin a mhéadú ar fud líonra an bhrainse, ag foghlaim ónár saoránaigh níos sine
- Páirt iomlán a ghlacadh san Fhéile bhliantúil Bealtaine, agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil freastal ar gach aois le linn seachtainí ceiliúrtha eile amhail Seachtain Sláinte agus Folláine, Seachtain na Gaeilge, agus Féile na Líne Deirge
- Caidreamh sóisialta a chothú trí Chlubanna Leabhair agus Grúpaí Scríbhneoireachta a éascú
- Cinnte a dhéanamh de gur foirgnimh inrochtana atá inár bhfoirgnimh leabharlainne atá fáilteach sábháilte don té a thagann ar cuairt.
- Leanúint le Seirbhís Gafa sa Teach a éascú agus a mhéadú agus ár réimse acmhainní ar líne a chur chun cinn ag an am céanna
- Feasacht a ardú faoinár seirbhísí leabharlainne agus imeachtaí i measc daoine níos sine ach plé a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí cuí agus eagraíochtaí pobail cuí



## Príomhspriocanna

## Sprioc 6: Pobal agus Cultúr

**Seirbhísí do Pháistí agus do Dhaoine Óga**
Thuairiscigh Daonáireamh 2016 go bhfuil 82,115 duine óg atá 19 mbliana d'aois agus níos óige ina gcónaí sa Chontae, agus 21,733 acu atá 0-4 bliana d'aois. Tá Leabharlanna Átha Cliath Theas tiomanta do thacaíocht a thabhairt don litearthacht agus don fhoghlaim, agus do shamhlaíocht agus don fhiosracht i measc ár ndaonra óg a chothú agus a spreagadh.

Tá limistéir ar leith do pháistí agus do dhaoine fásta óga i ngach ceann dár mbrainsí a bhfuil troscán agus fearas geal ann, limistéir staidéir agus áiseanna ríomhaire le cluichí agus bogearraí atá dírithe ar aois oiriúnach. Ar an réimse leathan ábhar léitheoireachta atá againn, tá bailiúcháin chlub leabhair dár bPáistí agus dár nDaoine Fásta Óga agus bailiúchán Úrscéal don Seomra Ranga agus bailiúcháin grádaithe do léitheoirí drogallacha. Ar na himeachtaí Teaghlaigh atá ann tá Am Scéalaíochta agus Seisiúin Tuistí agus Tachrán. Déantar clubanna leabhair agus scríbhneoireacht chruthaitheach a éascú. Tugtar tacaíocht d'fhoghlaim STEAM trí Spásanna Teicneolaíochta a chur ar fáil inár mbrainsí agus trí fhéile spreagúil chuimsitheach, Seachtain na hEolaíochta


*Tá Spring into Storytime,* Léitheoireacht Réaltaí Samhraidh agus Féile Leabhar na Leanaí ar chuid de na cláir a léirítear a chuireann réimse spreagúil gníomhaíochtaí ar fáil amhail cuairteanna ó scríbhneoirí, seanchaithe, maisitheoirí agus aisteoirí, oscailte do gach scoil sa tír. Déantar dlúthcheangal idir



brainsí leabharlann agus na scoileanna agus múinteoirí ina gceantair agus déantar iad a chaomhnú trí chuairteanna ranga a eagrú ar bhonn rialta.

**Gníomhartha:**

- Suíomh gach bunscoil sa tír a aithint agus a mhapáil chun cúnamh le naisc láidre a dhéanamh le múinteoirí ar fud na tíre
- Leas a bhaint as seirbhís na leabharlainne taistil le díriú ar phobail ar deacair teagmháil a dhéanamh leo, agus acmhainní ar leith a bheith ann do réamhscoileanna, naíolanna, agus bunscoileanna
- Rannpháirtíocht gach pointe seirbhíse sna cláir náisiúnta Spring into Storytime agus Réaltaí Samhraidh
- Clár an Champais Chruthaithigh do dhaltaí iarbhunscoile a leathnú agus a shíneadh chuig gach brainse
- Leanúint le deiseanna a fhiosrú le haghaidh clár nua agus bealaigh lena gcur i bhfeidhm le húsáid ár n-acmhainní a uasmhéadú
- Sóisearach agus Daoine Fásta Óga a choimhéad ag an leibhéal is airde ó thaobh rogha, éagsúlachta agus ábharthachta de
- Tionscadal a reáchtáil a thacaíonn le páistí a bhfuil sainriachtanais acu agus a gcuid tuismitheoirí, go sonrach maidir le bréagáin, teicneolaíocht agus oiliúint a chur ar fáil de réir mar a aithnítear trí idirghabháil le gairmithe sláinte
- Cláir imeachtaí spreagúla agus nuálacha a reáchtáil le linn Fhéile Leabhar na Leanaí agus Seachtain na hEolaíochta agus seachtainí ceiliúrtha eile



## Sprioc 6:
## Pobal agus Cultúr


**Cultúr**
Meallann gníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíonta Leabharlanna Átha Cliath Theas idir óg agus aosta mar a bheadh saithe beach i gcuasnóg. Gach bliain, cruthaítear an t-uafás clár rud a éascaíonn plé, foghlaim agus gníomhaíochtaí sultmhara, a thugann daoine le chéile ó thaobh cultúir agus uileghabhálachta de. Oibrímid lenár gcomhoibrithe in oifig na nEalaíon le Clár Éire Chruthaitheach 2017-2022 a chur i bhfeidhm. Aimsítear imeachtaí ceardlainne agus moltaí ó éascaitheoirí áitiúla agus náisiúnta agus cuirtear fáilte rompu.

Tá sé d'acmhainn ag leabharlanna daoine a thabhairt le chéile agus fáilte a chur roimh dhaoine aonair agus baill de dhaonra éagsúla eithneach Bhaile Átha Cliath Theas le cultúr an domhain a cheiliúradh. Tá áit lárnach ag scéalaíocht ilchultúrtha agus ceiliúradh tríd an gceol agus an dráma sna cláir le haghaidh páistí agus daoine fásta. Ar cheann de na buaicphointí i bhféilire liteartha agus cultúrtha s'againn tá Féile Leabhar na Líne Deirge atá á reáchtáil le seacht mbliana anuas.

Tá Comhairle Ceantar Átha Cliath Theas tiomanta don teanga náisiúnta a chur chun cinn agus a cheiliúradh. Bíonn Seachtain na Gaeilge, clár a bhfuil saibhreas ceiliúrtha ar Bunionad cultúrtha agus sóisialta atá sa leabharlann. Suirbhé Poiblí ár gcultúr agus ar ár dteanga ann ar siúl gach bliain ar fud líonra brainse na leabharlann. Tá iarratas curtha isteach ag ceantar shráidbhaile Chluain Dolcáin ar stádas Gaeilge Líonra. Baineann Leabharlanna Átha Cliath Theas tairbhe as caidreamh oibre iontach le hÁras Chrónáin, an t-ionad cultúrtha Gaeilge atá suite i gCluain Dolcáin.

**Bunionad cultúrtha agus sóisialta atá sa leabharlann.**

Suirbhé Poiblí




Is minic a bhíonn dlúthbhaint idir cláir leabharlainne le rannóga eile de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas amhail ionchuimsiú Sóisialta, Rochtain, Feasacht Comhshaoil. Is fada Institiúid Teicneolaíochta Tamhlacht ina páirtí againn le gníomhaíochtaí STEAM a chur i bhfeidhm agus í ag glacadh páirt i Seachtain na n-Innealtóirí agus Spásanna Teicneolaíochta inár leabharlanna.

**Gníomhartha:**

- Lean le Féile Leabhar na Líne Deirge a leathnú agus a fhorbairt
- Cuir leeis agus forbairt a dhéanamh ar an ról uathúil atá ag an leabharlann mar Mhol Pobail tábhachtach, agus í mar áit chruinnithe le haghaidh clubanna agus grúpaí an phobail.
- Cuir le ceathrú chultúrtha a fhorbairt ach cláir a reáchtáil san Ionad Ealaíona Rua Red, Amharclann Chathartha agus Leabharlann an Chontae, Tamhlacht le linn Fhéile Leabhar na Líne Deirge.
- Lean le hobair le rochtain ar áiseanna fíorúla agus fisiciúla na leabharlann a éascú
- Lean le tacaíocht a thabhairt di agus páirt a ghlacadh i Seachtain Rochtana Náisiúnta
- Féilte, taispeántais, cainteanna, imeachtaí cultúrtha, agus léamha a reáchtáil a dhíríonn ar dhreamanna spéise éagsúla agus ardáin éagsúla a chur ar fáil leis an tseirbhís leabharlainne a chur chun cinn
- Taispeántais, imeachtaí agus gníomhaíochtaí foghlama a óstáil chun cuidiú le ceangal a dhéanamh le gach pobal ar bhealach samhlaíoch rannpháirteach
- Deiseanna a fhiosrú maidir le seirbhís chuí a dhíriú ar phobail ar deacair teagmháil a dhéanamh leo, agus tús áite a thabhairt dóibh siúd nach n-úsáideann an leabharlann
- Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an chláir Éire Ildánach 2017-2022
- Rannphháirtíocht iomlán i Seachtain na Gaeilge
- Imeachtaí dátheangacha Gaeilge/Béarla a aimsiú do ghrúpaí scoile nuair is féidir
- Na naisc agus an dlúthbhaint le hÁras Chrónáin a neartú agus é mar aidhm comhthionscadail a dhéanamh
- Forbairt a dhéanamh ar chomharthaíocht dhátheangach na leabharlann
- Foireann na leabharlann a spreagadh le leas a bhaint as deiseanna oiliúna Gaeilge a chuireann Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar fáil chun forbairt na Gaeilge a spreagadh agus lena húsáid a chothú
- An Ghaeilge a úsáid in ábhar dhul chun cinn agus i bhfoilseacháin

# Á Fhíorú

**Tarraingeoidh cur i bhfeidhm an phlean seo agus soláthar na gclár straitéiseach go mór ar acmhainní agus láidreachtaí reatha, agus beidh níos mó tacaíochta ag teastáil maidir le roinnt réimsí.**




## Forbairt Foirne

Tá an fhoireann mar chroílár ár seirbhíse, agus ríthábhachtach do chur i bhfeidhm an phlean seo. Is foireann dhúthrachtach thiomanta iad a bhfuil a lán taithí acu agus cuirtear leo le déanaí agus slua de bhaill foirne nua cumasacha i ndiaidh teacht isteach.

**Gníomhartha:**

- Féach le foireann iomlán a choimhéad ar aon dul leis an bPlean Lucht Saothair a chuirfidh ar ár gcumas ár spriocanna a bhaint amach
- Leas a bhaint as an bpróiseas PDP chun seirbhísí leabharlainne reatha a fheabhsú agus chun cur leo trí scileanna agus suimeanna foirne a fhorbairt, go háirithe i réimsí amhail na meáin shóisialta, cláir oideachais agus chultúrtha
- Oiliúint ar Chúram Custaiméirí a chur ar fáil go rialta do gach ball foirne chun seirbhís leanúnach d'ardchaighdeán a sholáthar bunaithe ar riachtanais úsáideoirí
- A chinntiú go bhfuil cumarsáid shoiléir leanúnach déanta leis an bhfoireann ar fad

## Forbairt na mBailiúchán

Is iomaí seirbhís a chuirimid ar fáil ach tá tábhacht ar leith le rochtain ar ábhar léitheoireachta. Tá sé mar chuid bhunúsach dár seirbhíse ár mbailiúcháin dhigiteacha agus r-Leabhair a leathnú amach, chomh maith le bailiúcháin chuimsitheacha ina bhfuil caighdeán ard ábhar léitheoireachta a choimhéad.

**Gníomhartha:**

- Stoc leabhar a choimhéad agus cur le bailiúcháin dhigiteacha agus r-leabhair
- Rochtain ar réimse ábhar a chur ar fáil chomh tapa, éifeachtach agus eacnamaíoch agus is féidir
- Leanúint le hobair laistigh den Chreatlach Náisiúnta le hábhar leabhar agus neamhleabhar a sholáthar
- Leas a bhaint as sonraí bailiúcháin CC chun cinntí eolacha ceannacháin a dhéanamh
- Bailiúchán le hábhar coitianta teangacha iasachta a fhorbairt le haghaidh mionlaigh eitneacha




## Buiséad

Leanfaimid le maoiniú a fháil chun seirbhís leabharlainne a chur i bhfeidhm atá lárnach do shaol na heacnamaíochta agus an chultúir.

**Gníomhartha:**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhuiséid ioncaim agus caipitil as seo go ceann cúig bliana chun a chinntiú go gcuirtear go leor maoinithe ar fáil chun seirbhís a sholáthar agus chun tionscadail chaipitil aitheanta a chur i gcrích
- Dul sa tóir ar chláir mhaoinithe eile atá ar fáil a chuirfidh le feidhmiú agus dul chun cinn ár spriocanna straitéiseacha
- Cloí le treoirlínte agus creatlacha soláthair, agus cloí le nósanna imeachta soláthair
- Dar le straitéis na leabharlann poiblí náisiúnta, bainfear fíneálacha agus táillí le haghaidh úsáideoirí leabharlainne

## Clár Caipitil

Osclófar dhá leabharlann phobail den chineál is nua-aimseartha.

**Gníomhartha:**

- A chinntiú go gcloítear le caighdeáin agus tagarmharcanna na leabharlann poiblí náisiúnta agus go gcuirtear i bhfeidhm iad dar le riachtanais Chontae Átha Cliath Theas
- Déanfar freastal ar phobal Chluain Dolcáin Thuaidh den chéad uair trí leabharlann den chineál is nua-aimseartha i gcroílár an phobail agus beidh sí ina háis luachmhar do gach duine sa cheantar
- Cuirfear leabharlann nua den chineál is nua-aimseartha i suíomh lárnach in áit an fhoirgnimh leabharlainne atá ar léas in ionad siopadóireachta áitiúil i gCaisleán Thigh Motháin
- Le linn shaolré an phlean seo, fiosróimid an fhéidearthacht maidir le pointí seirbhíse réigiúnacha i gceantair a bhfuil daonra mór ann nó a bhfuil an daonra is mó fás ann

**“Áthas, foghlaim, comhroinnt, cruthú agus fás á dtabhairt chuig an bpobal fós”.**

Suirbhé poiblí



## Anailís

Bhí an próiseas comhairliúcháin poiblí a rinneadh leis an bplean seo a chur le chéile suimiúil agus eolasach, agus chuir sé le ceapadh agus le feidhmiú molta an phlean. Uirlis riachtanach a bheadh i gcomhairliúcháin leanúnacha le fócasghrúpaí poiblí agus an plean seo i réim maidir le riachtanais agus ionchais a mheas, chomh maith le haischothú a thabhairt ar leibhéal reatha dhul chun cinn agus chur i bhfeidhm seirbhíse.

Ar an tslí chéanna, b'fhiú go mór na comhairliúcháin foirne a dhéanamh. Bhí an fhoireann idir fhreagrúil agus léirthuisceanach. Thug an próiseas deis le tobsmaointeoireacht a dhéanamh, agus thug sé léargais luachmhara faoin tseirbhís go sonrach ó thaithí na foirne ar an líne thosaigh

**Gníomhartha:**

- Téigh i gcomhairle le daoine agus le grúpaí chun riachtanais seirbhíse a aithint
- Buail agus téigh i gcomhairle leis an bhfoireann ar fad go tréimhsiúil
- Déan athdhearadh ar an eolas ag bailiú teimpléid ó bhrainsí, ag taifeadadh imeachtaí, agus aird ar leith ar na staitisticí
- Bailigh eolas staitistiúil lena n-áirítear Táscairí Seirbhíse Náisiúnta agus cuir ar aghaidh iad chuig na gníomhaireachtaí cuí
- Bunaigh straitéis chun sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhailiú, agus é mar aidhm tionchar agus tábhacht clár straitéiseach fadtéarmach agus gearrthéarmach a mheas
- Déan múnlaí dea-chleachtais a fhorbairt agus a roinnt trí chomhoibriú le líonraí agus iad a fhorbairt mar is iomchuí
- Glac páirt a i bhfóraim réigiúnacha agus náisiúnta chun dea-chleachtais agus tionscnaimh rathúla a roinnt

# Aguisín 1 – Tagairtí




## Ionad Faisnéise Ilfhreastail.

Suirbhé Poiblí


- Daonáireamh 2016, www.cso.ie
- Éire Shláintiúil: Creat chun Sláinte agus Folláine a Fheabhsú 2013 – 2025, An Roinn Sláinte
- Measúnú ar Acmhainníagus Riachtanais Sláinte(HANA) Thamhlachta
- Darker et al, 2014
- https://www.huffingtonpost.com/frankie-rendon/how-innovation-and-techno_b_5244601.html
- Leabharlanna na hÉireann:Leabharlanna Poiblí nahÉireann a Athrú ó Bhonn2018-2022 (DRÉACHT)
- Straitéis Náisiúnta doLeabharlanna Poiblí: NaDeiseanna do Chách:Straitéis do leabharlannapoiblí 2013–2017
- CIMD (Clár Idirnáisiúnta umMeasúnú Daltaí) 2012: Cad éatá ar eolas ag daoine óga15 bliain d'aois agus cad iséféidir leo a dhéanamh leis anméid atá ar eolas acu. ECFE(an Eagraíocht um Chomharagus ForbairtEacnamaíochta)
- Feachtas Ceart Chun Cumais Léitheoireachta 2017 Teimpléad an Phlean Gnímh
- Plean Corparáide Átha Cliath Theas,
- Comhairle Contae Átha Cliath Theas 2015–2019
- Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Átha Cliath Theas 2016–2022
- https://shawconsulting.ie/2017/08/21/social-media-usage-in-ireland-2017/
- https://lonelinesstaskforce.com

**ISBN** 978-0-9935377-9-0

**Lean muid ar:**

South Dublin Libraries
SDCCLibraries

**Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:**
Oifig Forbartha Leabharlann Chontae Átha Cliath Theas
libdevoff@sdublincoco.ie

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
**South Dublin County Council**